

Straitéis Lonnaíochta

2.1.1	Comhthéacs	30
2.1.2	Straitéis Spáis Náisiúnta 2002 - 2020	30
2.1.3	Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath 2004 – 2016	30
2.1.4	Fás an Daonra i gCo. na Mí	32
2.1.5	Easaontas idir TPRanna agus Ráta Fáis i gCo. na Mí	34
2.1.6	Réamh-mheastachán Daonra & Tithe Cónaithe	37
2.1.7	Struchtúr Leathan Lonnaíochtaí Chontae na Mí	39
2.1.8	Cuspóirí um Fhorbairt Ardleibhéil i gcomhair Bailte & Sráidbhailte	46
2.1.9	Pleananna Limistéir Áitiúil i gcomhair Bailte agus Sráidbhailte Aonair a Ullmhú	57
2.1.10	Cuspóirí maidir le Criosú na hÚsáide Talún	60
2.1.11	Maitrís Chríosúcháin	

2.1.1

Comhthéacs

Cé gur cáipéis bhunúsach phleanála don chontae é an Plean Forbartha, chuir na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 - 2006 a gceapadh laistigh de chreat spáis náisiúnta agus réigiúnach. An *dá straitéis phríomhúla* a dtugann an *t-athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Contae* aird orthu ná an Straitéis Spáis Náisiúnta agus na Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath.

2.1.2

Straitéis Spáis Náisiúnta 2002 - 2020

Leagan an Straitéis Spáis Náisiúnta (SSN) amach creat pleanála 18 mbliana a ceapadh chun cothromaíocht níos fearr a bhaint amach idir forbairt shóisialta, eacnamaíochta agus fhisiceach agus fás an daonra in Éirinn.



An aidhm atá ag an SSN ná feabhas a chur ar cháilíocht na beatha do gach duine dá shaoránaigh, ag tabhairt na bpost níos cóngaraí do na háiteanna ina bhfuil daoine ina gcónaí, ag cur feabhais ar ár gcomhshaol agus ag tógáil todhchaí láidir inbhuanaithe dúinn féin agus dár leanaí.


Cuireann an SSN treoir ar fáil don fhorbairt amach anseo ar chéimíúlacht lonnaíochta chun freastal ar fhás sa todhchaí, d'fhonn forbairt chothromúil réigiúnach a bhaint amach.

Soláthraíonn *polasaí spáis* an SSN le haghaidh Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath (MBÁC) le go ndaingneofaí ról rithabhachtach na príomhchathrach ó thaobh soghluaiseacht fheabhsaithe, dearadh uirbeach d'ardchaighdeán, meascán sóisialta, agus caidrimh idirnáisiúnta agus réigiúnacha de. Fad is a leanfaidh Baile Átha Cliath uirthi ag fás ó thaobh daonra agus aschuir de, níl sé inmhianaithe don chathair leanúint ar aghaidh ag leathadh amach go fisiceach isteach sna contaetha máguaird. Éilíonn an Straitéis go ndéanfaí cothú ar an idirdhealú idir gnéithe cathrach agus baile laistigh de Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath, go príomha ag díriú na forbartha i dtreo an Limistéir Uirbigh agus na nIonad Fáis sa Chúlchríoch, agus ar bhonn níos neamhfhorleithne chuig na hionaid forbartha bheaga. Aithníonn an SSN go mbeidh gá freastal ar fhás áitiúil sna coda sin den Chúlchríoch lasmuigh de na *"hionaid Forbartha atá Beartaithe"*. Ba chóir forbairt lasmuigh de na hionaid shainithe a theorannú, ámh, don riachtanas áitiúil. Níl an leathadh forbartha atá beartaithe go príomha chun freastal ar an Limistéir Uirbeach, agus a chruthaíonn leibhéil shuntasacha daoine ag comaitéireacht, inbhuanaithe nó eacnamaíoch agus ba chóir é a theorannú ag baint úsáide as teicnící um bainistíocht ar an éileamh. Cuimsíonn an SSN, tríd is tríd, an straitéis le haghaidh MBÁC mar a fhoráiltear sna Treoirlínte um Pleanáil Straitéiseach (1999).

2.1.3

Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath 2004 - 2016

Chun éifeacht a thabhairt don SSN, foilsíodh Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach (TPRanna) le haghaidh ocht réigiún sa tír. Is i gcomhar lena chéile a cheap Údarás Réigiúnach Bhaile Átha Cliath (Comhairle Cathrach Átha Cliath, Comhairle Contae Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin, Comhairle Contae Fhine Gall agus Comhairle Contae Átha Cliath Theas) agus Údarás Áitiúil an Oirthir Láir (Comhairle Contae na Mí, Comhairle Contae Chill Dara agus Comhairle Contae Chill Mhantáin) na *Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath 2004 - 2016*, a foilsíodh ar an 8 Iúil 2004. Tógann na TPRanna ar thaithí na *dTreoirlínte um Pleanáil Straitéiseach do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath* (1999) agus leagan amach an ghníomhaíocht d'fhorbairt fhisiceach, eacnamaíochta agus shóisialta an réigiúin go dtí 2016. Sainíonn na Treoirlínte an polasaí pleanála agus cuireann siad eolas ar fáil don pholasaí pleanála a bhfuil Comhairle Contae na Mí le coinneáil leis i ngach Plean Forbartha reachtúil ina dhiaidh sin agus cuirfidh sé eolas ar fáil do Ranna Rialtais agus do Chomhlachtaí Stáit maidir le leithdháileadh acmhainní poiblí amach anseo.



I measc príomhghnéithe na dTreoirínte tá:

- Leanfaidh Réigiún Bhaile Átha Cliath agus an Oirthir Láir orthu a bheith mealltach agus beoga mar áit lonnaithe le haghaidh tionscal, tráchtála, áineasa agus turasóireachta agus ina mórfhócas fáis sa tír;
- Bainfidh an fhorbairt laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath níos mó agus níos mó le córas iompair phoiblí atá feabhsaithe go mór;
- Déanfar comhdhlúthú ar an bhforbairt laistigh den Limistéar uirbeach, ionas gur féidir freastal ar dhaonra níos mó ná mar atá ann faoi láthair, le córas iompair phoiblí atá feabhsaithe go mór. Chun é seo a bhaint amach beidh gá le méadú ar na dlúis forbartha chomh maith le bearta a chur i gcrích chun a chinntiú go dtabharfar tús áite d'iompar poiblí. Le caitheamh ama, tabharfaidh sé seo leis timpeallacht uirbeach níos comhdhlúite, maidir le méid an daonra, agus laghdóidh sé ar an éileamh foriomlán ar thaisteal;
- Déanfar fás an Limistéir Uirbigh a chothromú le dlúis fáis i roinnt mórionad sainithe sa Chúlchríoch atá suite ar chonair straitéiseacha iompair. Beidh leibhéal arda de ghníomhaíocht fostaíochta sna bailte seo (nó sna grupaí bailte atá in aice leo), beidh ardsiopadóireacht agus raon iomlán áiseanna sóisialta iontu chomh maith. Le caitheamh ama beidh na bailte seo ina bpobail ina ndéanfar feidhmeanna cónaithe agus fostaíochta a chothromú agus beidh siad ar na príomhionaid seirbhíse don Chúlchríoch;
- Sa ghearrthéarma go meántéarma, leanfar leis an gcomaitéireacht ó na hionaid forbartha sa Chúlchríoch chug an limistéar Uirbeach agus an straitéis atá ann ná freastal a mhéad is féidir den comaitéireacht sin ar iompar poiblí. Na cuspóirí fadtéarmacha a bheidh ann ná bailte a chruthú, a bheidh chomh féinacmhainneach agus is féidir, gan ach comaitéireacht theoranta chuig an Limistéar Uirbeach. An bunús atá le fás na "n-ionad forbartha" ná nach ndéanfaí bailte dórtúir go príomha astu don Limistéar Uirbeach. D'fhéadfadh sé bheith inmhianaithe monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar a bhforbairt chun iarracht comhordú a dhéanamh ar scaoileadh na talún atá criosaithe le haghaidh tithe cónaithe a léireodh, tríd is tríd, bunú fostaíochta sna hionaid sin. Mar sin féin, beidh gá le nasc idir na bailte agus Baile Átha Cliath trí bhonneagar bóithre agus iarnróid maith;
- Déanfar na mórionaid sa Chúlchríoch a dheighilt óna chéile agus ón Limistéar Uirbeach le limistéir fhairsinge talún sa "Chrios Glas Straitéiseach". An cuspóir atá leis an gCrios Glas Straitéiseach ná go dtiomnófaí an talamh sin d'úsáidí talmhaíochta agus d'úsáidí comhchosúla agus go ndéanfaí an fhorbairt ann a theorannú d'fhreastail ar riachtanais áitiúla agus ní riachtanais a eascródh as an gcomaitéireacht;
- Leis an gcineál forbartha atá beartaithe, a bheidh dírithe ar ionaid uirbeacha, déanfar laghdú ar an mbrú ar an taobh tíre agus cuirfidh sé idirdhealú níos mó ar fáil idir limistéir uirbeacha agus thuaithe. Chomh maith leis sin, laghdóidh sé ar an ngá atá ann le taisteal, agus dá bhrí sin laghdóidh sé ar an bhfás foriomlán ar an éileamh ar thaisteal, ach malairt fostaíochta a sholáthar don Limistéar Uirbeach;
- Éascú ar mhodhanna taistil seachas an gluaisteán príobháideach, lena n-áirítear 'líonra' feabhsaithe de thaisteal poiblí sa Limistéar Uirbeach agus naisc mhaithe iompair phoiblí idir na hionaid forbartha sa Chúlchríoch agus an Limistéar Uirbeach. Cuideoidh sé seo go mór laghdú a dhéanamh ar an gcomaitéireacht sa ghluasteán agus comhtháthú a dhéanamh ar na hionaid sin leis an ngeilleagar foriomlán do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Chun cloí leis an Treoir um Pleanáil Straitéiseach Náisiúnta agus Réigiúnach, caithfidh an Plean Forbartha Contae:

- Scóip straitéiseach daonra / aonaid tithíochta a leagadh amach don tréimhse pleanála 2007 – 2013 agus atá, ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an SSN agus don TPR;

- Taispeáint mar ar thángthas ar ionchas forleathan Chomhairle Contae na Mí maidir lena straitéis lonnaíochta agus iompair ón SSN agus na TPRanna do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath;
- Ráiteas gairid a chur san áireamh ag cur síos ar aidhmeanna ardleibhéil don Uaimh (agus Droichead Átha) mar phríomhcheantair forbartha agus do Chill Déagláin, Dorchla Dhún Búinne / Chluain Aodha / Luas, Ceanannas agus Bhaile Átha Troim mar cheantair aitheanta measartha forbartha chomh maith le haidhmeanna maidir leis na bailte agus sráidbhailte eile ag tacú leis an SSN agus na TPRanna do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath, agus;
- An cur chuige straitéiseach forleathan a léiriú le léarscáileanna agus léaráidí, mar shampla trí na príomhléarscáileanna straitéiseacha a mhacasamhlú ó na TPRanna do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath.

Ag curnad Treoirlínteum Pleanáil Réigiúnach do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath san áireamh, bhí aird ag ullmhú an Phlean Forbartha seo ar an gcáipéis "Implementing Regional Planning Guidelines – Best Practice Guidance", a chuir Aonad Polasaí Spáis na Roinne Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil ar fáil i mí Feabhra 2005. Ba iad na TPRanna an príomh-ionchur i bpróiseas taighde cúla agus leagan amach tosaigh na saincheistanna in ullmhú an phlean forbartha seo.

I leagan amach cuspóirí sonracha, bhí Comhairle Contae na Mí ag féachaint le comhsheasmhacht den uasmhéid a bhaint amach idir cuspóirí agus polasaithe na TPRanna agus cuspóirí agus polasaithe an Phlean nua Forbartha Contae. San áireamh san obair seo bhí scrúdú córasach ar Phlean Forbartha Contae 2001 d'fhonn an t-uasleas a bhaint as ailíniú idir an plan nua agus na TPRanna i gcúrsaí amhail réamh-mheastacháin agus spriocanna maidir le daonra agus tithíocht, straitéis lonnaíochta, tosaíochtaí bonneagair agus polasaí pleanála idir-réigiúnach.

D'áirigh sé seo, inter alia, breithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- Sofhreagracht an struchtúir lonnaíochta sa phlean forbartha d'aidhmeanna straitéiseacha na TPRanna lena n-áirítear úsáid talún agus saincheistanna iompair;
- A mhéad is a oireann an straitéis tithíochta do na TPRanna agus cineál aon bhunathruithe is gá;
- A mhéad is atá soláthar na talún forbartha de réir na dtreoirlínte;
- Leithdháileadh fhorhóir sciar an réamh-mheastacháin daonra don chontae go príomha chuig na Uaimh ach chomh maith leis sin chuig Cill Dhéagláin, Baile Átha Troim, Ceanannas, Dún Búinne, Cluain Aodha le daonra suntasach sa bhreis dírithe ar na comharsanachtaí de Dhroichead Átha agus Chill Choca atá lonnaithe i gContae na Mí;
- Srianadh maidir le síneadh breise ar na bailte in oirdheisceart na Mí – Ráth Tó, Cnoc an Línsigh, Maigh Dearmhaí agus An Bóthar Buí, agus cósta an Chontae, atá ag leathnú go príomhúil mar bhailte dortúir;
- Cosaint na tuaithe, agus;
- A mhéad is atá tosaíochtaí maidir le bonneagar straitéiseach sa phlean forbartha ag léiriú na dtosaíochtaí sna TPRanna le béim ar leith ar iompar poiblí.

2.1.4 Fás an Daonra i gCo. na Mí

An daonra a bhí ar taifead sa bhliain 1996 i gContae na Mí ná 109,732 duine. Mhéadaigh daonra an Chontae faoi 24,273 duine i gcaitheamh na 6 bliana go dtí Daonáireamh 2002. Go garbh, in ionann seo agus daonra reatha na Mí a bhogadh isteach sa Chontae thar 6 bliana nó daonra reatha Ceanannas a bhogadh isteach sa Chontae ar bhonn bliantúil. Bhí an méadú daonra de 22.1% idir 1996 - 2002 ar an gceann is mó in aon Chontae sa tréimhse chéanna. B'ionann an méadú foriomlán daonra sa Stát don tréimhse chéanna agus 8.0%. Na cúiseanna bhí leis an bhfás ar an daonra ná gnáthmhéadú de 6,402 duine (26.4%) agus méadú measta de bharr an aistrithe isteach sa chontae de 17,802 (73.6%).

Tábla 1: Méadú ar an Daonra in Ionaid Uirbeacha 1996 – 2002

Ionad Uirbeach	Daonra 1996	Daonra 2002	Athrú 1996 - 2002
An Uaimh	12,810	19,417	6,607
Comharsanacht Dhroichead Átha	786	2,133	1,347
Cill Dhéagláin:	4,999	6,362	1,363
Dún Bóinne / Cluain Aodha	3,080	5,536	2,456
Ceanannas	3,542	4,421	879
Comharsanacht Chill Choca	-	-	
Baile Átha Troim	4,405	5,894	1,489
Áth Buí	1,172	1,538	366
An Inse - Baile an Bhiataigh-BaileUí Mhornáin	3,678	5,597	1,919
Damhliag	1,731	2,173	442
Dún Seachlainn	2,139	3,063	924
An Bóthar Buí	566	1,072	506
An Seanchaisleán	826	937	111
Ráth Tó	1,061	3,794	2,733
Steach Maoilín	427	779	352
Iomlán			21,494

Léiríonn Tábla 1 gurb é an méadú daonra a tharla sna hionaid uirbeacha sna trí bharrshraith den Chéimíúlacht Lonnaíochta, is é sin Bailte Móra Fáis, Bailte Measatha Fáis, agus Bailte Beaga Fáis, ba chúis le 88.6% den mhéadú daonra foriomlán a tharla i gContae na Mí idir 1996 - 2002. Ba sna háiteanna seo a leanas a bhí an ráta agus scála fáis daonra is mó maidir leis an daonra iomlán sa bhliain 1996: Ráth Tó (258%), Maigh Dearmhaí (158%), Baile Íomhair (107%), An Bóthar Buí (89%), Steach Maoilín (82%), Dún Bóinne (80%), An Uaimh (52%) agus An Inse – Baile an Bhiataigh. – Baile Uí Mhornáin (52%).

Foilsíodh Réamh-Thuarascáil Dhaonáireamh 2006 ar an 19 Iúil 2006. Tá na réamhfhiigiúir seo bunaithe ar achoimrí daonra a d'ullmhaigh na Daonáiritheoirí. Eiseofar na torthaí críochnaitheacha, bunaithe ar na Foirmeacha Scanta Daonáirimh, idir Aibreán agus Nollaig 2007. Thug na Réamhthorthaí le fios gurb ionann daonra Chontae na Mí i mí Aibreáin 2006 agus 162,621 duine.

Mhéadaigh daonra Chontae na Mí faoi 28,616 duine sna ceithre bliana ó 2002. Léirigh sé seo ráta fáis de 21.4% i gcomparáid leis an daonra a bhí ar taifead le haghaidh 2002, ar bhonn náisiúnta ní raibh ach Fine Gall chun tosaigh air seo áit a raibh a ráta fáis beagán níos airde ag 22.1%. D'fhás an Mhí ó dhaonra 109,732 duine sa bhliain 1996 chuig 162,261 duine sa bhliain 2006. Is ionann seo agus méadú 48% thar 10 mbliana. Seo ráta fáis millteach mór.

Taifeadh gnáthráta fáis (breitheanna lúide básanna) i gContae na Mí ag 12.5 in aghaidh an 1,000 den mheándaonra. Seo ceann de na gnáthmhéadaithe is airde rud a léiríonn go bhfuil próifíl d'aois óg sa Chontae. Má bhaintear gnáthmhéadú an daonra ag leibhéal an chontae ó na sonraí comhfhreagracha maidir le hathrú daonra, is féidir teacht ar na glanfhigiúirí inimirce isteach sa chontae. Léiríonn na figiúirí an ghlánghluaiseacht a rinne gach duine isteach sa chontae ó áiteanna eile in Éirinn agus ó thar lear agus amach as an gcontae chuig áiteanna eile in Éirinn agus thar lear. Is é 35.7 in aghaidh an 1000 den mheándaonra an ghláninimirce mheasta a taifeadh isteach i gContae na Mí idir 2002 – 2006. Ba é sin an ráta is airde ar taifead d'inimirce isteach in aon chontae sa tír.

Níor foilsíodha aon eolas indáil le leibhéal fáis sna hionaid forbartha indibhidiúla. Níl léiriú Réamhthorthaí an Daonáirimh ach an leibhéal fáis a bhí sna TRCanna thar an tréimhse idirdhaonáirimh.

Seo a leanas na 10 TRCanna ina raibh na rátaí fáis daonra is airde thar an tréimhse 2002 – 2006:

Tábla 2: TRCanna na Mí leis na Rátaí is Airde d'Fhás Daonra ar Taifead 2002 - 2006

Rangú	TRC	Athrú ar an Daonra	Ionaid Uirbeacha
1	An Uaimh - Tuaithe (cuid)	5,176	An Uaimh
2	St. Mary's (cuid)	3,250	Droichead Átha, Domhnach Chearnaigh & Baile Uí Mhornaín Thoir
3	Ráth Tó	3,048	Ráth Tó
4	Baile Iúiliáin	2,475	An Inse, Baile an Bhiataigh & Baile Iúiliáin
5	Steach Maoilín	1,493	Steach Maoilín & Baile Mhic Gormáin
6	Damhliag	1,419	Damhliag
7	An Bóthar Buí	1,217	An Bóthar Buí
8	Domhnach Mór	1,158	Cill Dhéagláin (cuid de Chill Dhéagláin i dToghcheantar Kilbrew)
9	An Uaimh - Tuaithe (cuid)	1,069	Baile Átha Troim
10	Ceannanus Mór - Tuaithe (cuidt)	1,023	Ceanannas

Is léir ó Thábla 2 nach bhfuil an leibhéal fáis a bhí ann sna bailte beaga fáis – Ráth Tó, An Inse / Baile an Bhiataigh / Baile Uí Mhornaín Thoir, Steach Maoilín, Damhliag agus An Bóthar Buí – le ceithre bliana anuas ag tarlú de réir na Céimiúlachta Lonnaíochta a bhí beartaithe. Tá an fás ag tarlú i suíomhanna áit a bhfuil cumas seirbhísí uisce breise, gan aon chumas iompair phoiblí ann, nó má tá é a bheith ar an mbeagán agus mórbhrú ar áiseanna sóisialta dála scoileanna.

2.1.5 Easaontas idir TPRanna agus Ráta Fáis i gCo. na Mí

Is é 15,237 teach cónaithe breise an fhoirmíocht tithíochta réamh-mheasta i gContae na Mí idir 2003 – 2010, de réir mar atá molta sna TPRanna, agus is ionann é go garbh agus 1,900 glanaonad breise in aghaidh na bliana. Léireodh sé seo moilliú suntasach ar an ráta reatha tógála tithe cónaithe sa Chontae ar na rátaí a bhí ann do thithe críochnaithe roimh 2000. An meastachán atá ag an Roinn Pleanála don tréimhse 2002 - 2005, ná gur tógadh 14,047 teach breise (meánmhéid 3,161 glanteach cónaithe breise in aghaidh na bliana) sa Chontae. Léiríonn réamhthorthaí an Daonáirimh gur mhéadaigh an daonra faoi 28,616 duine do thréimhse chomhchosúil.

Is léir gurb í an chúis leis an difríocht idir luas an fháis chónaithe sa Mhí agus na TRPanna ná an fás iarbhír a taifeadadh, a sháraíonn an fás measta ar an daonra ag leibhéal an Stáit agus ag an leibhéal Réigiúnach. Measadh go bhfásfadh Mórcheantar Bhaile Átha Cliath faoi 161,135 duine sa tréimhse 2002 go 2010, agus ag deireadh na tréimhse sin, go mbeadh daonra na Mí déanta suas de 8.9% den iomlán, sin méadú ón 8.7% a bhí an sa bhliain 2002.

Déanta na fírinne, sa tréimhse Aibreán 2002 go dtí Aibreán 2006, d'fhás Mórcheantar Bhaile Átha Cliath faoi 126,000 duine nó ag ráta bliantúil de 31,500 duine, agus má leanann an ráta seo gan srian a chur leis, bheadh daonra de 1.787 milliún duine i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath faoin mbliain 2010. Tugann athbhreithniú meántearma an ESRI le fios nach mbeidh an méanéileamh ar thithe gach bliain, don tréimhse 2007 – 2011, ach beagán níos ísle ná an leibhéal reatha ach go mbeidh an dara teach ag daoine ag éirí níos tábhachtaí mar cheann tiomána.

Rinne an RCORA athbhreithniú ar na réamh-mheastacháin daonra a bhí sa Straitéis Spáis Náisiúnta agus sna Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach i bhfianaise Réamhthorthaí an Daonáirimh 2006. Bhí dhá réamh-mheastachán náisiúnta sa SSN go dtí 2020, ceann amháin bunaithe ar na treochtaí reatha agus an ceann eile bunaithe ar go mbeadh fás láidir eacnamaíochta ann.

- 1) Thuar na treochtaí reatha go mbeadh daonra 4.35 milliún sa Stát faoin mbliain 2020 le 1.9 milliún duine i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, agus;
- 2) Thuar an meatachán ar fhás eacnamaíochta láidir go mbeadh daonra de 5.03 milliún duine sa Stát faoin mbliain 2020 le 2.2 milliún duine i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Dá réir sin bunaíodh na TRPanna ar réamh-mheastacháin níos coimeádaí, is é sin na treochtaí reatha, a bhfuil an chosúlacht orthu gurb iadsan is dóichí a tharlóidh ag an am.

Ag féachaint do Réamhthorthaí Dhaonáireamh 2006 agus réamh-mheastacháin réigiúnacha daonra a d'fhoilsigh an CSO sa bhliain 2005, is cosúil anois nach bhfuil cuma dhealraitheach ar "threochtaí reatha" an SSN áit ar réamh-mheasadh go mbeadh daonra de 4.35 milliún ann faoin mbliain 2020. Is léir anois go bhfuil fás láidir eacnamaíochta ag tiomáint na rátaí arda inimirce isteach. Cé go bhfuil fás suntasach ann i réigiúin áirithe, is cosúil go bhfuil an dáileadh spásúil de mhéadú an daonra sa tréimhse 2002 – 2006 i gcomhréir leis an éifeacht ag an gcur thar maoil ó Bhaile Átha Cliath seachas fíorú na SSN.

Admhaíonn an foilseachán a chuir an RCORA ar fáil le déanaí 'National and Regional Population Projections' i mí Feabhra 2007 go bhfuil na réamh-mheastacháin sa SSN agus sna TPRanna as dáta anois de réir mar a mhéadaíonn fás an daonra go gasta. Réamh-mheasadh sa cháipéis sin go mbeadh daonra de 5.334 milliún duine ann sa bhliain 2020, áit nach ndearna an SSN ach soláthar le haghaidh daonra de 4.4 milliún. Soláthraíonn an foilseachán nua de chuid na RCORA go dtarlóidh athchothromú ar fhás sa todhchaí laistigh de MBÁC sa chaoi is go mbeadh an laghdú i réigiún Bhaile Átha Cliath i gcóimheas le sciar fhás MBÁC moillithe agus go ndéanfaí maolú ar fhás gasta coibhneasta i réigiún an Oirthir Láir. Réamh-mheastar i dTábla 7 den cháipéis 'National and Regional Population Projections' go bhfásfaidh an daonra i Réigiún an Oirthir Láir ó fhigiúr 2006 de 475,026 duine go dtí 601,920 duine faoin mbliain 2020. Léirigh Réamhthorthaí Dhaonáireamh 2006 go raibh taifead de 475,026 duine ann do réigiún an Oirthir Láir i gcomparáid leis na TPRanna a thug réamh-mheastacháin de 460,927 duine. Réamh-mheastar sa cháipéis 'National and Regional Population Projections' go mbeadh daonra Réigiún an Oirthir Láir ag 537,033 faoin mbliain 2011. Is léir nach bhfuil réamh-mheastacháin TPR maidir le tithe cónaithe agus daonra ina réamh-mheastacháin réadúla a thuilleadh agus tá athbhreithniú á dhéanamh orthu faoi láthair ag na húdaráis Áitiúla.

Tábla 3: Ceangaltais Phleanála (amhail 15 Feabhra 2007) lena n-áirítear tithe atá á dtógáil i ngach Toghcheantar

Beart	Dún Seachlainn	Ceanannas	An Uaimh	Sláine	Baile Átha Troim	Iomlán
Ceadanna Pleanála a Tugadh	2,310	415	1,064	2,066	1,304	7,159
Tithe á dtógáil	1,251	400	445	1,086	963	4,151
Coigeartú ó Ollmhéid go Glanmhéid	3,347	766	1,418	2,963	2,131	10,631
Dlús Incriminteach Measta	2	2	2	2	2	
Daonra mar Thoradh	6,694	1,532	2,836	5,926	4,262	21,250
Laghdú ar Áitíocht (3 bl.)	361	82	151	320	228	1,147
Daonra Iomlán i dTrí Bliana	6,333	1,450	2,685	5,606	4,034	20,108

Ar cheann de na comharthaí eile nach bhfuil an ráta fáis a mhol na TPRanna inúsáidte a thuilleadh, tá scrúdú a rinneadh ar na ceangaltas phleanála reatha. Tá siad seo leagtha amach i dTábla 3. Léiríonn an tábla seo fiú dá mbeifí ag cloí leis na boinn tuisceana is coimeádaí (le tithíocht aon uaire as an áireamh), ní féidir leis an daonra gan iomlán de 182,000 a shroicheadh, laistigh de thrí bliana is dócha. Ní féidir an treocht seo a stop. Déantar an toradh seo a thuar bunaithe ar líon na dtithe cónaithe sa bhliain 2009 de 2.694, rud atá an-íseal, fiú amháin i bhfianaise an laghdaithe a tharla ó 2002 go 2005, áit ar thit sé i réigiún an Oirthir Láir ó 3.2 go 2.96.

Tátail

- Leag na Treoirínte um Pleanáil Réigiúnach do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath amach an réamh-mheastachán daonra don Chontae arb ionann é agus 151,029 faoin mbliain 2010. Cheana féin tá an figiúr seo sáraithe le 11,592 duine sa bhreis ar an méid sin.
- Tugann na Treoirínte um Pleanáil do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath le fios go mbeidh glanmhéadú 13,152 ar thithe cónaithe idir 2002 agus 2010, agus mar thoradh air sin go mbeidh 54,827 teach cónaithe ann san iomlán. Is deimhin don Roinn Pleanála go sáraíonn líon na dtithe cónaithe sa Chontae an figiúr sin cheana féin.
- Tá leibhéal na gceangaltas phleanála, i bhfoirm ceadanna phleanála a mhaireann fós, mór go leor le nach mbeidh aon titim mhór ar leibhéal na dtithe a chuirfear i gcrích i gContae na Mí go ceann trí bliana eile. Bhí 4,151 teach cónaithe á dtógáil in ionaid uirbeacha agus bhí cead phleanála a mhair fós ann le haghaidh 4,026 teach cónaithe eile amhail Meitheamh 2006. Cheadaigh Comhairle Contae na Mí 3,138 teach sa bhreis i bhforbairtí iltithe idir 30/06/2006 agus 15/02/2007 le 569 aonad sa bhreis ceadaithe ag an Údarás Áitiúil ar achomharc leis an mBord Pleanála. Ní chuireann sé seo san áireamh sonraí maidir le tithíocht lasmuigh de thailte criosaithe.
- Beidh athrú suntasach ann ar an ngaol idir tithe a chuirfear i gcrích ar thaobh amháin de, agus glanchruthú tithe cónaithe ar an taobh eile de. Rinneadh é seo a thuar ag an leibhéal náisiúnta agus is dócha go mbeidh sé le sonrú i gContae na Mí. Tá sé níos sláine, mar sin, tithíocht a réamh-mheas seachas spriocanna daonra ar an gcéad dul síos.
- Is gá go ndéanfaí nuashonrú ar na réamh-mheastacháin tithe cónaithe sna Treoirínte um Pleanáil Réigiúnach do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath agus go deimhin sa Straitéis Spáis Náisiúnta ionas go mbeidís de réir 'National and Regional Population Projections 2006 – 2020' agus fhigiúirí Dhaonáireamh 2006 nuair a fhoilseofar iad.
- Ní féidir fás an chuir i gcrích tithe ar bhonn réigiúnach a threorú i dtreo na suíomh a ainmníodh sa Straitéis Lonnaíochta ach ar bhonn céimneach. Beidh dara leath thréimhse an phlean linn (2010 – 2013) sula mbeidh na bearta um bainistíocht an éilimh follasach maidir leis seo.

Is léir nach féidir fanacht laistigh den fhoirmíocht agus na srianta daonra de na TPRanna. Níl sé beartaithe ag an SSN nó ag na TPRanna dinimiciúlacht dhúchasach a chur faoi chois sa chontae. Caithfear cothromaíocht níos fearr a bhaint amach, ámh, sa bhealach ina dtarlaíonn fás i gContae na Mí, áit a mbeidh giniúint fostaíochta agus feabhsúcháin ar sholáthar an bhonneagair shóisialta agus cháilíocht na beatha ag na cónaitheoirí ag teacht leis an bhforbairt chónaithe. De bhreis air sin, caithfidh an Plean Forbartha trí mheán na Straitéise Tithíochta a chinntiú go dtreorófar an sciar is mó den daonra atá réamh-mheasta chuig ionaid uirbeacha sna huas-sraitheanna den Chéimíúlacht Lonnaíochta agus srianta á gcur ar fhorbairt bhreise i mbailte agus i sráidbhailte beaga tuaithe. Sáróidh ráta fáis an daonra agus cruthú tithe i gContae na Mí an ráta fáis a réamh-mheasadh sna TPRanna.

2.1.6 Réamh-mheastachán Daonra & Tithe Cónaithe

Mar dhul siar ar an méid sin, soláthraíonn na TPRanna do réamh-mheastacháin tithe cónaithe agus leithdháileadh le haghaidh gach toghcheantair de na hÚdarás Áitiúla laistigh de MBÁC do thréimhse 8 mbliana (2003 – 2010). Leithdháileadh iomlán de 15,237 teach cónaithe ar Chontae na Mí don tréimhse seo. Níl an leithdháileadh seo miondealaithe ar bhonn fochontae. Seo an fheidhm atá ag na Dréacht-Treoirínte don Phlean Forbartha agus go háirithe don Straitéis Tithíochta atá iontu. Tugann na TPRanna agus Dréacht-Treoirínte don Phlean Forbartha le fios go mbeidh gá ag Údarás Áitiúla talamh a chriosú le haghaidh tithíochta de bhreis ar an méid atá ann chun freastal ar a líon féin de leithdháileadh tithe. Tá an 'corrach' seo ag teastáil chun a chinntiú go bhfuil dóthain soláthair talún ar fáil agus go gcuireann an margadh rogha suímh ar fáil do thomhaltóirí agus don earnáil tógála tithe araon. An caighdeán a nglactar leis maidir le 'corrach' ná 50%, a thugann le fios go gcaithfidh Plean Forbartha a chinntiú go mbeidh 9 mbliana de sholáthar talún atá críosaithe do thithe cónaithe.

Mar is léir ón gcuid roimhe seo, bhí taifeadadh daonra de 162,621 i gContae na Mí amhail 27 Aibreán, 2006 agus sáraíonn an figiúr sin an leithdháileadh daonra a luadh sna TPRanna don bhliain 2010, mar a bhfuil an líon 11,592 duine sa bhreis ar an bhfigiúr sin. Tá an méid sa bhreis seo le sonrú freisin ag an leibhéal réigiúnach le daonra an Oirthir Láir taifeadta ag 475,026 duine i gcomparáid leis an réamh-mheastachán do 2010 a bhí sna TPRanna de 460,927 duine. Is léir ó Réamhthorthaí Dhaonáireamh 2006 gur sháraigh na figiúir do Réigiún an Oirthir Láir na réamh-mheastacháin 4 bliana roimh an dáta a measadh.


D'ullmhaigh an Roinn Pleanála réamh-mheastachán daonra agus tithe cónaithe don tréimhse sa Phlean Forbartha go dtí 2013. D'oibrigh an Roinn Pleanála leis an RCORA chun soiléiriú a dhéanamh ar an daonra is dócha a bheidh sa Chontae mar chuid dá bhfoilseachán 'National and Regional Population Projections 2006 - 2020'.

Chun críche an réamh-mheastacháin seo, glactar leis go leanfaidh daonra MBÁC air ag fás go láidir agus ar bhealach níos comhdhlúite. Laistigh de MBÁC, chiallóidh feabhsúchán soláthar tithíochta agus tionchar Transport 21 agus an margadh ag roghnú suíomhanna a bhfreastalaíonn Transport 21 orthu go laghdóidh sciar réigiún Bhaile Átha Cliath mar chéatadán de dhaonra MBÁC agus go moilleodh seo thar an tréimhse go dtí 2020. Go contrártha, mhoilleodh an ráta méadaithe i sciar dhaonra MBÁC ar dtús agus ansin bheadh sé tairiseach de réir mar a thosódh soláthar tithíochta laistigh de Bhaile Átha Cliath ag méadú arís agus díríonn saincheisteanna iompair agus bonneagair seirbhísí uisce mórforbairt nua ar ionaid forbartha thábhachtacha na TPRanna a aithníodh i réigiún an Oirthir Láir. An toradh a bheadh ar an bhforbairt seo do Chontae na Mí ná go ndéanfaí na treochtaí forbartha reatha atá ag teacht chun cinn ar fud an Chontae, atá tiomáinte d'fhormhór ag forbróirí, le teacht chun cinn cur chuige atá pleantreoirithe atá glactha leis is gcomhthéacs na TPRanna agus Transport 21 a thagann chun cinn i ndara leith de thréimhse an Phlean Forbartha agus dá éis.

Ag aithint mhóiminteam reatha na forbartha agus na ngealltanais a thug an tÚdarás Áitiúil le gá fás a threorú agus a struchtúrú amach anseo go príomha i dtreo na suíomhanna a bhfuil Transport 21 ag freastal orthu, an daonra is dócha a bheidh ann, go réadúil, ná tuairim is 210,000 duine faoin mbliain 2013. Nuair a d'aontaigh sé an réamh-mheastachán daonra a shocrú don Chontae ag 210,000 duine faoin mbliain 2013, choimeád an tÚdarás Áitiúil leithdháileadh de 3,000 den daonra a threorófar i dtreo na n-ionad straitéiseach ar thailte atá críosaithe cheana féin le haghaidh tithe cónaithe thar thréimhse an Phlean Forbartha. Tá an corrach ann chun solúbthacht a chinntiú i bhforú na gcuspóirí indibhidiúla atá sna Pleananna Limistéir Áitiúil reatha & Ráitis Scríofa & Cuspóirí Sonracha le haghaidh Bailte agus Sráidbhailte (Imleabhar II).

Chun críche na n-áireamh / leithdháiltí sonracha sa Straitéis Lonnaíochta agus sa Straitéis Tithíochta sa Phlean Forbartha seo, is é an sprioc dhaonra le haghaidh Chontae na Mí ná 207,000 duine agus is é an sprioc thithe cónaithe don thréimhse go dtí 2013 ná 32,853 aonad tithe cónaithe sa bhreis (27,874 glanteach breise cruthaithe).

Fíor 1: Sprioc Tháscach an Fháis Chónaithe don chéad 2 Thréimhse Plean Forbartha eile



Leagann an SSN béim ar gur ghá d'údarais réigiúnacha agus áitiúla a bheith go maith in ann monatóireacht agus cuntas a dhéanamh ar na treochtaí is déanaí ó thaobh an daonra, na tithíochta agus táscairí eile de agus go nglacfar an cur chuige seo a leanas: "pleanáil - monatóireacht - oiriúnaigh". Ní mór do riachtanais phleanála áitiúla treochtaí reatha a chur san áireamh agus freagairt dóibh nuair atáthar ag meas mhéid na fobartha ar ghá pleanáil di, ach fós féin gan a seasamh a athrú maidir le soláthar an struchtúir pholasaí spáis fhoriomláin mar atá leagtha amach sa SSN agus sna TPRanna. Cinntíonn an Plean Forbartha seo go ndéantar an cur chuige sin a neadú in ábhar an pholasaí ar glacadh leis ann.

Chun críche réamh-mheastacháin níos fadtéarmaí i ndiaidh thréimhse an chéad Phlean Forbartha eile a léireodh treo straitéiseach fhás an Chontae san fhadtéarma agus a chuideodh le pleanáil don bhonneagar fisiceach, rinne an Roinn Pleanála réamh-mheastachán go dtí 2019, atá ag comhfhreagairt do thréimhsí an chéad dá Phlean Forbartha eile. I réamh-mheastachán na Roinne Pleanála, cuireadh in iúl go bhféadfadh an daonra a bheith sa raon 230,000-235,000, faoi réir fás eacnamaíochta leanúnach an gheilleagair, leibhéil inimirce leanúnacha isteach sa chontae agus rath leanúnach a bheith ar an margadh tithíochta, ag brath ar an mheán-áitíocht atá i bhfeidhm faoi 2019. Réamh-mheasann an tÚdarás Pleanála go gcruthófaí 33,480 aonad tithíochta sa bhreis (27,475 glanteach cónaithe cruthaithe) sa thréimhse 2013-2019, faoi réir srianta bonneagair a shárú. Tá an réamh-mheastachán straitéiseach seo faoi réir monatóireachta agus athbhreithniú leanúnach. Léiríonn Fíor 1 suíomh an fháis chónaithe seo do thréimhse an chéad dá phlean forbartha eile.

2.1.7 Struchtúr Leathan Lonnaíochta Chontae na Mí

Bhí struchtúr lonnaíochta leathan i Plean Forbartha Contae na Mí The 2001 - 2007 i gCuid 2.6.6 d'Imleabhar I. Chuir an struchtúr lonnaíochta seo san áireamh na cuspóirí um fhorbairt inbhuanaithe don Chontae chomh maith leis na moltaí sna Treoirínte um Pleanáil Straitéiseach agus infhaighteacht seirbhísí a bheadh leitheadúil ag an uair. Bhí spriocdhaoirí le haghaidh limistéir uirbeacha sa struchtúr lonnaíochta chomh maith. Bhí an struchtúr lonnaíochta seo mar bhunús do phleananna bailte agus sráidbhailte indibhidiúla atá in Imleabhar II.

Ó glacadh le Plean Forbartha Contae 2001 - 2007, mhol an SSN agus na TPRanna céimiúlacht lonnaíochta do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath. Ag tógáil ar Phlean Forbartha Contae 2001 - 2007, ar an SSN agus ar TPRanna do MBÁC, seo a leanas Struchtúr Lonnaíochta Chontae na Mí don Phlean Forbartha seo. Léirítear é seo ar Léarscáil 2.1.

Tábla 4: Straitéis Lonnaíochta Chontae na Mí

LIMISTÉAR UIRBEACH	
Baile Measartha Fáis	Dún Búinne / Cluain Aodha / Luas, Comharsanacht Chill Choca & Mhaigh Nuad
LIMISTÉAR NA CÚLCHRÍCHE	
Bailte Móra Fáis	Droichead Átha (Comharsanacht) & An Uaimh.
Baile Measartha Fáis	Cill Dhéagláin, Dún Seachlainn, Ceanannas & Baile Átha Troim.
Bailte Beaga Fáis	Áth Buí, Damhliag, An Bóthar Buí, An Inse - Baile an Bhiataigh - Baile Uí Mhornaín Thoir, An Seanchaisleán, Ráth Tó & Steach Maoilín.
Príomhbhailte	Baile Íomhair, Maigh Dearmhaí, An Obair, Sláinte & Baile an Línsigh.
Sráidbhailte	Baile Ghib, Carn na Ros, Baile Chearbhalláin, Cluain Ioraird, Crossakiel, Domhnach Chearnaigh, Dún Uabhair, Droim Conrach, Baile Mhic Gormáin, Baile Iúiliáin, Baile Ceannt, Cill Bhríde (Toghcheantar Dhún Seachlainn), Cill Dealga, Cill Mhaighneann, Cill Mheaisín, Baile Uí Mhornaín, Maigh nEalta, Rath Cairn & Ráth Maoláin.
Gráigeanna (Braislí Tuaithe)	Féach Aguisín II.

Tá sé mar aidhm ag an Straitéis Lonnaíochta fás daonra a shuíomh agus forbairt a threorú ar bhealach a bheadh ag teacht le prionsabail na SSN agus na TPRanna. Áiríonn sé seo:

- Cur chun cinn agus treorú na forbartha ar an gcéad dul síos san Uaimh, i gcomharsanacht Dhroichead Átha agus i nDorchla Iarnróid Dhún Búinne / Chluain Aodha / Pace atá ar na trí limistéar shainithe is mó ina bhfuil fás sa chontae. Sainithnítear na hionaid seo chun glacadh le formhór sciar an Chontae i bhfás réigiúnach as seo amach agus leanfaidh siad ag freastal ar leibhéal suntasach inimirceach.
- Leanfar le forbairt leanúnach Chill Déagláin ar bhunús inbhuanaithe chomh maith le forbairt ar chomharsanacht Chill Choca agus Mhaigh Nuad, atá lonnaithe i bPríomhbhaisle Dhinimiciúil i limistéar Chathrach Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath. Beidh forbairt leanúnach Ceanannas agus Bhaile Átha Troim i gcothromaíocht le caomhnú bhunreithe na mBailte Oidhreacht seo a d'fhéadfadh teorainn a chur le méid agus scála na forbartha ar féidir leis na hionaid seo glacadh leo.
- D'ainmnigh an Plean Forbartha Dún Seachlainn mar Bhaile Measartha Mór Fáis sa Straitéis Lonnaíochta agus go dtí go n-aithnítear an t-ainmniú seo in athbhreithniú na dTreoirínte um Pleanáil Réigiúnach do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath, déanfaidh an tÚdarás Pleanála féachaint arís ar an chandam agus méid lucht tí cónaithe breise atá leithdhailte ar Dhún Seachlainn.

- Glactar leis go bhfuil méid agus scála na forbartha tithe cónaithe atá á leithdháileadh ar na Bailte Beaga Fáis seo a leanas iomarcach: An Inse - Baile an Bhiataigh - Baile Uí Mhornaín. Tá formhór an leithdháilte seo geallta cheana féin, ámh, i bhfoirm ceadanna pleanála a bhí i bhfeidhm sular glacadh leis an bPlean Forbartha seo. Déanfar é seo a rialú san fhadtéarma, agus;
- Soláthraíonn an Plean Forbartha d'fhorbairt bailte agus sráidbhailte tuaithe níos lú ar bhealach atá ar scála cuí agus a dhaingníonn carachtar na lonnaíochtaí seo.

Leis na prionsabail seo a urramú áiríodh réamh-mheastachán don chontae ar fad agus tá sé le fáil i dTábla 5, go dtí deireadh thréimhse an Phlean seo.

D'ullmhaigh an Roinn Pleanála Réamh-mheastacháin Tithe Cónaithe agus Daonra don thréimhse 2006-2013 chun comhfhreagairt do thréimhse an Phlean Forbartha. Cuireann Tábla 5 i láthair réamh-mheastacháin daonra agus tithe cónaithe do thréimhse an phlean don Chontae ina iomláine agus miondeailithe ina chomhchodanna. Soláthraíonn an réamh-mheastachán seo do dhaonra de 207,036 ag deireadh 2013, sin méadú de 44,775 duine ar dhaonra taifeadta an Chontae sa bhliain 2006 agus glanmhéadú ar líon na dtithe cónaithe de 32,853 (dearbhmhéadú de 27,874 teach cónaithe).

Tábla 5: Réamh-mheastachán Daonra & Teach Cónaithe do Thréimhse an Phlean

Bliain féilire	Daonra amhail 1 Eanáir	Tithe Cónaithe amhail 1 Eanáir	Meánlíon sa teaghlach (1 Eanáir)	Tithe curtha i gcrích sa bhliain	Glanlíon tithe cónaithe cruthaithe sa bhliain	Daonra breise sa bhliain	Daonra amhail 31 Nollaig	Tithe Cónaithe amhail 31 Nollaig	Meánlíon sa teaghlach (31 Nollaig)
2006	160,799	55,030	2.922	3,345	3,011	3,978	164,777	58,041	2.839
2007	164,777	58,041	2.839	3,630	3,231	6,231	171,008	61,271	2.791
2008	171,008	61,271	2.791	3,575	3,110	5,526	176,534	64,381	2.742
2009	176,534	64,381	2.742	3,665	3,152	5,401	181,935	67,533	2.694
2010	181,935	67,533	2.694	4,570	3,839	6,844	188,779	71,372	2.645
2011	188,779	71,372	2.645	4,705	3,905	6,716	195,495	75,277	2.597
2012	195,495	75,277	2.597	4,663	3,777	5,935	201,430	79,054	2.548
2013	201,430	79,054	2.548	4,700	3,760	5,605	207,036	82,814	2.500

Glacann Tábla 5 leis an méid seo a leanas

- go bhfuil an méid iomlán curtha i gcrích atá measta ina mheastachán réadúil ar an gcoinníoll go gcuirtear ina gceart na srianta fuíolluisce reatha a théann i gcion ar ionaid uirbeacha atá aitheanta mar ionaid le fás daonra suntasach agus go ndéanfar é seo le linn shaol an Phlean Forbartha agus tús áite a thabhairt dóibh sa chéad Chlár um Infheistiú i Seirbhísí Uisce eile;
- titfidh meánráta áitíochta go 2.548 faoin mbliain 2013 fad is a laghdóidh ráta TPR beagán níos lú ag 2.632 faoin mbliain 2013;
- titfidh an cóimheas glantithe cónaithe le holltithe cónaithe ó 0.9 go 0.8 idir 2006 – 2013; agus;
- táthar ag ceapadh go méadóidh sciar dhaonra Reigiún an Oirthir Láir atá lonnaithe sa Mhí ó 34.23% sa bhliain 2006 go 36% faoin mbliain 2011 agus chuig 37.5% faoin mbliain 2016 le haird ar leibhéal na tógála tithe agus na gceadanna pleanála atá i bhfeidhm sa Chontae.

Tá sé mar pholasaí ag an gComhairle seo freastal ar fhás cónaithe réigiúnach sna trí ionad shainithe seo a leanas: An Uaimh, Droichead Átha agus Dorchla Iarnóid Dhún Búinne / Chluain Aodha / Luas. Moilleofar forbairt na mbailte beaga fáis agus na bpríomhshráidbhailte sa Chontae go suntasach agus beidh nasc níos dlúithe acu le fás áitiúil seachas le fás réigiúnach mar a tharla le deich mbliana anuas agus é seo tiomáinte ag inimirce, go príomha ó réigiún Bhaile Átha Cliath. Bainfear é seo amach ach laghdú a dhéanamh ar na rátaí réamh-mheasta fáis sna hionaid seo ón méid a bhí ann le cúpla bliain anuas agus a chinntiú go gcoinnítear sciar de na forbairtí iltithe nua do dhaoine áitiúla amháin.

I gcás Cheanannais, Bhaile Átha Troim, Dhún Seachlainn agus na mBailte Beaga Fáis, Príomhbhailte agus Sráidbhailte atá suite ar fud an Chontae, féachfaidh an tÚdarás Pleanála arís ar an gcúlsláthar talún chun a chinntiú nach dtarlóidh méid agus scála na forbartha cónaithe réamh-mheasta ach mar atá luaite i dTábla 5 (Réamh-mheastachán Daonra & Tithe Cónaithe) agus Tábla 6 (Suiomh an Fháis Tithe Cónaithe 2006 - 2013). Seo chun a chinntiú go bhfuil an Plean Forbartha ag teacht leis an gcreatpholasaí atá sa SSN agus sna TPRanna araon.

2.1.7.1 Critéir chun Scaoileadh Talún Cónaithe a Chinneadh

I gcás na mbailte Oidhreachtá Ceanannas agus Baile Átha Troim, an Bhaile Measartha Fáis Dún Seachlainn, agus na bPríomh-Shráidbhailte agus na bPríomhbhailte, ba chóir go nascaí scaoileadh na talún forbartha agus cónaithe leis na nithe seo a leanas;

- Soláthar an bhonneagair fhisicigh a bhfuil gá leis, go príomha infhaighteacht an bhonneagair sula dtarlaíonn an fhorbairt, soláthar cumas coinnithe uisce agus soláthar an bhonneagair fuíolluisce. Ní mór don chomhshaol a bheith in ann scála agus méid na forbartha atá beartaithe a ghlacadh chuige féin.
- Cumas breise (agus beartaithe) an bhonneagair shóisialta, go príomha áiseanna príomha náisiúnta agus dara leibhéal. Cuirfear san áireamh freisin an phleanáil atá á dhéanamh ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta le haghaidh áiseanna oideachais náisiúnta agus dara leibhéal. Beidh tionchar ag forbairt na dtailte cónaithe breise ar an mbonneagar áiseanna agus conláistí a bhfuil gá leo ag teacht le riachtanais an daonra chónaithe. Ní mór do scála agus do mhéid beartaithe na forbartha daingniú a dhéanamh ar iomláine agus ar bheocht an phobail áitiúil agus na seirbhísí áitiúla ar féidir iad a sholáthar;
- Bonn eacnamaíochta níos inbhuanaithe sa chaoi is gur féidir céatadán níos mó de dhaoine áitiúla a fhóstu go háitiúil. Chun é seo a bhaint amach beidh gá idirchaidreamh níos fearr a bheith ann idir an Bord Fiontar Contae, An Bord Forbartha Contae, an tOifigeach um Fhorbairt & Chur Chun Cinn Eacnamaíochta agus an Roinn Pleanála;
- Éascú a dhéanamh ar fhíorú na gcuspóirí atá sna Pleananna Limistéir Áitiúil nó sa Ráiteas Scríofa agus Cuspóirí Sonracha le haghaidh Bailte agus Sráidbhailte (Imleabhar II den Phlean Forbartha seo) maidir le soláthar an bhonneagair rithábhachtaigh agus riachtanaigh a shainaithníodh / nó an bhonneagair fhisicigh a sainaithníodh i gcomhar le forbairt cónaithe. Féadfadh tús áite a thabhairt do na tailte cónaithe sin dá réir;
- Déanfar athbhreithniú ar fhairsinge na dtailte reatha atá críosaithe do thithe cónaithe i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar gach Plean Limistéir Áitiúil nó Plean Forbartha le haghaidh gach ionaid agus ní choisceann sé criosú breise a shainaithinte i suíomhanna sonracha áit ar deimhin don Údarás Áitiúil go bhfuil sé follasach go bhfuil gá leis an gcriosú sin agus go bhfuil bonn maith leis an ngá sin. Ní fhéadfar criosú breise mar sin a bhreithniú ach amháin dá soláthródh forbairt ar na tailte le haghaidh tithe cónaitheacha píosa bonneagair rithábhachtaigh riachtanaigh shóisialta agus / nó píosa bonneagair fhisicigh i gcomhar leis an bhforbairt sin agus d'fhéadfadh gá a bheith ann tús áite a thabhairt do na tailte sin le haghaidh forbartha roimh thailte a ndearnadh criosú orthu le haghaidh tithe cónaithe nó roimh mhéid comhfhreagrach talún a ndearnadh díchríosú air;

- Clár an Údaráis Áitiúil um thithe sóisialta agus inacmhainne, agus;
- Úsáid éifeachtach na talún ach comhdhlúthú a dhéanamh ar na lonnaíochtaí atá ann cheana féin, ag díriú go háirithe ar acmhainn forbartha laistigh de limistéir uirbeacha ach athúsáid a dhéanamh ar thailte agus ar fhoirgnimh atá faoi-úsáidte mar thosaíocht, seachas síneadh a chur le forbairtí ar láithráin úrnua. Ba chóir go gcinnteodh sé seo go ndírítear forbairt ar shuíomhanna áit ar féidir comhtháthú a dhéanamh ar fhostaíocht, ar sheirbhísí pobail, ar mhíondíoltóireacht agus ar iompar poiblí. Déanfar iarracht leis an ord tosaíochta do scaoileadh tailte atá críosaithe le haghaidh tithe cónaithe a chinntiú go bhfuil cur chuige seiceamach ann a dhéanann íosghrádú ar thosaíocht suíomhanna bruachbhailteacha ar láithreáin úrnua.

Cuireann Tábla 6 sonraí ar fáil maidir le líon na dtithe cónaithe atá ceadaithe i ngach ionad uirbeach don tréimhse go dtí 2013. Mar atá léirithe i bhFíor 1, rinne an tÚdarás Pleanála réamh-mheastachán ar líon na dtithe cónaithe a bhféadfaí freastal orthu i ngach ionad uirbeach go dtí 2019, go príomha ar chúiseanna a bhain le bonneagar pleanála.

Léiríonn na trí cholún dheireanacha i dTábla 6 fairsinge na dtailte atá críosaithe do thithe cónaithe i ngach ionad uirbeach, an t-íosdlús cuí a bhfuiltear ag iarraidh é a bhaint amach i ngach ionad agus an toradh féideartha in aghaidh an heicteáir sa chúlsoláthar talún seo, má tá seirbhísí leis, agus scaoilte le haghaidh forbartha. Glacann an tÚdarás Pleanála nach bhfuil sé le tuiscint ón méid seo go mbeidh seirbhísí ag gabháil le gach talamh dá leithéid agus go scaoilfí é le haghaidh forbartha le linn thréimhse an Phlean Forbartha ná go gcuireann sé in iúl go gcuirfear íosdlúis (aonaid in aghaidh an heicteáir) i bhfeidhm maidir leis na tailte uile i ngach ionad forbartha. A mhalairt ar fad atá i gceist, glacann an tÚdarás Pleanála nach mbeidh 32.5% den talamh atá críosaithe le haghaidh tithe cónaithe le seirbhísí ag gabháil leis le linn thréimhse an Phlean Forbartha seo.

Mar sin féin, is léir ón mheasúnú ar Thábla 6 go bhfuil tailte níos oiriúnaí ann, dá scaoilfí iad agus dá mbeadh seirbhísí ag gabháil leo, chun freastal ar an bhfás réamh-mheasta ar thithe cónaithe sa Chontae do thréimhse an phlean. Féadfaidh gá a bheith le tailte breise a aithint i gcomharsanacht Dhorchla Dhroichead Átha / Chluain Aodha / Luas, Chill Dhéagláin, an Bhóthair Bhuí agus b'fhéidir Bhaile Íomhair chun soláthar do dhóthain spáis bhreise de 50%; Sa mhéid nach bhfuil aon tailte ann faoi láthair le haghaidh forbartha i Maigh Nuad, i gCill Bhríde nó i gCarn na Ros, cuirtear na lonnaíochtaí seo san áireamh sa chatagóir seo freisin. I ngach ceann de na hionaid níos lú - Cil Mheasáin, Maigh nEalta agus Baile Ceannt tá níos lú ná an corrlach riachtanach de 50% iontu. Meastar go ndéanfar leorgacht leibhéal corrlaigh i ngach ionaid a mheas i gcomhthéacs ullmhú na bPleananna Limistéir Áitiúil ar leith.

Ina theannta sin, déanfar athbhreithniú ar fhairsinge na dtailte reatha atá críosaithe do thithe cónaithe i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar ullmhú gach Plean Limistéir Áitiúil nó Plean Forbartha le haghaidh gach ionaid agus ní choisceann sé criosú breise a shainiú i suíomhanna sonracha áit ar deimhin don Údarás Áitiúil go bhfuil sé follasach go bhfuil gá leis an gcriosú sin agus go bhfuil bonn maith leis an ngá sin. Ní fhéadfar seasamh le riachtanas mar sin a bhfuil bunús leis ach amháin dá soláthródh forbairt ar na tailte le haghaidh tithe cónaithe píosa bonneagair rithabhachtaigh riachtanaigh shóisialta agus / nó píosa bonneagair fhisicigh i gcomhar leis an bhforbairt sin agus d'fhéadfadh gá a bheith ann tús áite a thabhairt do na tailte sin le haghaidh forbartha roimh thailte a ndearnadh criosú orthu le haghaidh tithe cónaithe nó roimh mhéid comhfhreagrach talún a ndearnadh díchríosú air.

Tugann na Dréacht-Threoirlínte don Phlean Forbartha le fios gur chóir don Phlean Forbartha Contae cuspoirí uile-chontae nó uile-oileáin a chur san áireamh, ar cuspoirí iad a shonraíonn méid agus suíomh na talún ("the County Development Plan should include strategic or county wide objectives specifying the quantum and location of land") agus go bhféadfaí gá a bheith ann go nglacfadh Údarás Phleanála le modh níos soláimhsithe chun a gcuid riachtanas maidir le cuspoirí críosaithe

talún a láimhseáil ach dul i ngleic le cuspóirí críosaithe foriomlána sa Phlean Forbartha Conate, fad is atáthar ag teacht ar chinneadh maidir leis an gcriosú sonrach sainithe a bhfuil gá leis chun freastal ar na cuspóirí sna Pleananna Limistéir Áitiúil ("Planning Authorities may need to adopt a more manageable method of handling their land use zoning objective requirements by addressing the overall zoning objectives in the County Development Plan, while determining the detailed and specific zoning required to meet those objectives in Local Area Plans"). Seo an cur chuige a ghlac Comhairle Contae na Mí chuici féin. Leanann na Dréacht-Threoirínte leis an méid seo a leanas, ámh, gur chóir don phlean forbartha cuspóirí a chur san áireamh maidir le méid na talún atá le críosú trí mheán phróiseas an Phlean Limistéir Áitiúil agus a léiriú go soiléir go mbeidh feidhm ag gach cuspóir uile-chontae sa Phlean Forbartha (lena n-áirítear na cuspóirí sin atá mar bhonn is mar thaca don straitéis tithíochta) i limistéir atá le críosú sna Pleananna Limistéir Áitiúil ("the development plan must include objectives in relation to the quantum of land to be zoned through the Local Area Plan process and indicating clearly that all county wide objectives of the Development Plan (including in particular those under-pinning the housing strategy) will apply in areas to be zoned in Local Area Plans"). Dá bhrí sin meastar gur ghá don Phlean Forbartha léirchuspóir a bheith ann a nascann ullmhú na bPleananna Limistéir Áitiúil aonair le méid agus scála na forbartha atá beartaithe do gach ionad laistigh den Phlean Forbartha, agus go háirithe sa Straitéis Tithíochta atá sa Phlean sin.

Ionas go gcloífeadh an Plean Forbartha Contae le creatpholasaí leathan na Straitéise Spáis Náisiúnta agus leis na Treoirínte um Pleanáil Réigiúnach do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath agus leis na Dréacht-Threoirínte don Phlean Forbartha, ní mór polasaithe a dhéanfaidh bainistiú ar scaoileadh na dtailte atá le críosú le haghaidh tithe cónaithe (teicníní um bainistiú ar an éileamh) a chur in áit chun a chinntiú go dtarlóidh méid agus scála na forbartha cónaithe i gcomhghlais na n-ionad uirbeach mar atá léirithe i dTábla 5 agus i dTábla 6. Déanfaidh an tÚdarás Pleanála, laistigh de 6 mhí ón dáta ar a dtiocfaidh an Plean Forbartha Contae i bhfeidhm, athchuir a thabhairt ar na tailte uile atá críosaithe le haghaidh tithe cónaithe sa Chontae ach amháin sna háiteanna seo a leanas: An Uaimh, Dorcha Dhún Búinne / Chluain Aodha / Luas & Cill Dhéagláin. Ní bhainfidh sé seo leis an Uaimh, le Dorcha Dhún Búinne / Chluain Aodha / Luas & le Cill Dhéagláin le haird ar ullmhú na bPleananna Limistéir Áitiúil a sholáthraíonn go sásúil do chéimniú isteach an chúlathair talún san Uaimh agus i nDorcha Dhún Búinne / Chluain Aodha / Luas de bhua an chúlathair theoranta chónaithe neamhtiomnaithe atá fágtha i gCill Dhéagláin.

I ngach ionad eile, déanfaidh an tÚdarás Áitiúil tús áite a aimniú agus glacadh leis sin maidir le scaoileadh tailte atá críosaithe le haghaidh tithe cónaithe (i.e. céimniú isteach) a bheidh ag cloí le scála agus méid na forbartha leis sin atá luaite i dTábla 5 agus i dTábla 6. Cloífidh scaoileadh na dtailte seo atá críosaithe le haghaidh tithe cónaithe leis na Critéir maidir le Scaoileadh Talún do Thithe Cónaithe a Chinneadh a bhfuil cur síos orthu ar an leathanach roimh ré agus an creat atá luaite le haghaidh gach Baile Bhig Fáis agus gach Baile Mheasarthar Fáis atá curtha i láthair i gCuid 2.1.8. I ndul i mbun an tionscadail seo, ní ainmneofar aon tailte cónaithe eile sa bhreis le haghaidh forbartha, agus beidh sé teoranta do thús áite a thabhairt do na tailte atá críosaithe le haghaidh tithe cónaithe cheana féin.

Sonraíonn na Treoirínte um Pleanáil Réigiúnach do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath go mbeidh gá freastal ar fhás áitiúil sa Chrios Glas Straitéiseach lasmuigh de na hIonaid Forbartha Shainithe agus gur chóir an fás sin a theorannú d'fhás áitiúil seachas d'fhás réigiúnach a bheidh dírithe ar lonnaíochtaí níos mó. Ní cóir don fhorbairt sin leibhéil shuntasacha chomhaitéireachta a chruthú. I dtéarmaí an Phlean Forbartha seo, coinneofar 25% de na forbairtí iltithe nua go léir i mbailte beaga fáis agus 30% de na forbairtí iltithe nua i príomhbhailte agus i bpríomh-shráidbhailte, ar forbairtí iad le níos mó ná 4 teach, do lucht dúchasach an Chontae (daoine a chónaigh sa Chontae ar feadh bliana ar a laghad) nó dóibh siúd a chónaíonn san ionad uirbeach de bhua a gcuid fostaíochta. Seo chun a chinntiú go mbeidh nasc níos dlúithe idir na forbairtí iltithe seo agus an fás áitiúil. Níl forbairt cónaithe atá fánach agus scaipithe ar fud an Chontae, mar a tharla le linn an Phlean Forbartha Deiridh ina fhorbairt inbhuanaithe agus beidh a leithéid faoi réir bearta rialaitheacha dochta.

Déanfar athbhreithniú ar an dáileadh tithe cónaithe agus daonra atá léirithe i dTábla 6 ar an gcéad dul síos i gcomhthéacs na dtorthaí sonracha atá i nDaonáireamh 2006 (déanfar torthaí cinntitheacha daonra, bunaithe ar Fhoirmeacha scannta an Daonáirimh, a eisiúint idir mí Aibreáin agus mí Dheireadh Fómhair 2007) agus ina dhiaidh sin ar mheasúnuithe rialta (i gceann tréimhsí 12 mhí ar a laghad) ar ghníomhaíocht forbartha tithíochta ar fud an Chontae arna dhéanamh ag an Roinn Pleanála. Féadfaidh athrú a theacht ar an dáileadh i bhfianaise athbhreithnithe mar sin agus i bhfianaise infhaighteacht na seirbhísí a bhfuil gá leo chun éascú a dhéanamh ar scála agus ar mhéid na forbartha cónaithe a luaitear i dTábla 6. Beidh luas na forbartha ag brath freisin ar sholáthar comthrathach bonneagair fhisicigh agus bonneagair shóisialta. Chuir na spriocanna san áireamh na ceangaltas reatha i bhfoirm na gceadanna pleanála atá i bhfeidhm faoi láthair. Éileoidh leasú ar an dáileadh tithe cónaithe agus daonra a léirítear i dTábla 6 nuair a ghlacfar leis, Éagsúlacht sa Phlean Forbartha Contae.

Tábla 6: Suíomh an Fháis Tithe Cónaithe 2006 - 2013

Ionad Uirbeach	Cead Pleanála Tugtha – Gan aon Tógáil. Tosaithe	Tithe á dTógáil	Líon na nAonad Tiomanta	Líon Réamh-mheasta Tithe Cónaithe 2006 - 2009	Líon Réamh-mheasta Tithe Cónaithe 2010 - 2013	lomlán 2006 - 2013	Líon na nAonad chun Freastal ar Spriocanna Tithe Cónaithe	Fós gan Forbairt. Talamh Criosaithe (Ha)	Dlús in aghaidh an heicteá	Toradh na Talún gan Forbairt. Tithe Cónaithe, Talamh Criosaithe
BAILTE MÓRA FÁIS										
An Uaimh	1,064	432	1,496	2,000	2,750	4,750	3,254	386	35	13,510
Comharsanacht Dhroichead Átha	1,111	227	1,338	1,100	2,400	3,500	2,162	56	35	1,963
LIMISTÉAR UIRBEACH - BAILTE MEASARTHA FÁIS										
Dún Bóinne / Cluain Aodha / Luas	473	190	663	1,150	2,400	3,550	2,887	78	50	3,920
Cill Choca	0	0	0	150	1,000	1,150	1,150	59	35	2,070
Maigh Nuad	0	0	0	0	500	500	500	0	35	0
LIMISTÉAR CÚLCHRICHE - BAILTE MEASARTHA FÁIS										
Cill Dhéagláin:	1,701	545	2,246	1,700	900	2,600	354	11	35	389
Dún Seachlainn	77	268	345	600	400	1,000	655	86	25	2,145
Ceanannas	237	224	461	600	360	960	499	56	25	1,402
Baile Átha Troim	936	459	1,395	1,000	1,500	2,500	1,105	88	25	2,199
BAILTE BEAGA FÁIS										
Áth Buí	14	61	75	210	140	350	275	28	25	702
An Inse - Baile anBhiataigh - Baile Uí Mhornáin Thoir	711	626	1,337	700	1,800	2,500	1,163	143	25	3,574
BAILTE BEAGA FÁIS (AR LEAN)										
Damhliag	83	126	209	240	200	440	231	29	25	737
An Bóthar Buí	24	147	171	300	200	500	329	2	25	51
An Seanchaisleán	86	0	86	105	200	305	219	22	25	560
Ráth Tó	59	248	307	450	200	650	343	35	25	869
Steach Maoilín	36	29	65	270	413	683	618	30*	25	758

Ionad Uirbeach	Cead Pleanála Tugtha – Gan aon Tógáil. Tosaithe	Tithe á dtógáil	Líon na nAonad Tiomanta	Líon Réamh-mheasta Tithe Cónaithe 2006-2009	Líon Réamh-mheasta Tithe Cónaithe 2010-2013	Iomlán 2006-2013	Líon na nAonad chun Freastal ar Spriocanna Tithe Cónaithe	Fós gan Forbairt. Talamh Criosaithe (Ha)	Dlús in aghaidh an heicteá	Toradh na Talún gan Forbairt. Tithe Cónaithe, Talamh Criosaithe
PRÍOMH-SHRÁIDBHAILTE										
Baile Íomhair	41	92	133	200	75	275	142	5	20	106
Maigh Dearmhaí	36	97	133	180	65	245	112	15	20	292
An Obair	22	36	58	70	60	130	72	12	20	244
Sláine	75	75	150	155	60	215	65	9	20	176
Cnoc an Línsigh	71	0	71	70	80	150	79	7	20	143
SRÁIDBHAILTE										
Droichead Cearbhalláin	18	49	67	115	40	155	88	10	20	197
Carn na Ros	0	0	0	0	40	40	40	0	20	0
Cluain Ioraird	181	0	181	125	100	225	44	6	20	125
Crossakiel	18	22	40	40	40	80	40	7	20	144
Dún Uabhair	38	3	41	35	40	75	34	10	20	195
Droim Conrach	18	8	26	40	40	80	54	17	20	336
Baile Ghib	0	0	0	15	20	35	35	9	20	179
Baile Mhic Ghormáin	0	0	0	50	100	150	150	51	20	1,011
Baile Iúiliáin	12	0	12	15	20	35	23	6	20	114
Baile Ceannt	0	13	13	45	40	85	72	3	20	65
Cill Bhríde	0	0	0	20	95	115	115	0	20	0
Cill Dealga	7	41	48	80	40	120	72	14	20	274
Cill Mhaighneann	0	0	0	15	20	35	35	4	20	86
Cill Mheasáin	8	51	59	135	100	235	176	5	20	109
Baile Uí Mhornáin / Domhnach Chearnaigh	0	0	0	90	120	210	210	75	20	1,504
Maigh nEalta	2	0	2	30	20	50	48	3	20	63
Ráth Cairn	0	0	0	15	20	35	35	11	20	222
Ráth Mhaoláin	0	76	76	100	40	140	64	15	20	299
Tithe Tuaithe				2,000	2,000	4,000			20	
Iomlán	7,159	4,145	11,304	14,215	18,638	32,853		1,513		40,733

Nótaí:

* Áiríonn sé seo 13.85 heicteár de thalamh a fhorbrófar le haghaidh tithe cónaithe ach is ábhar d'ullmhú agus do ghlacadh Creatphlean de bhun Plean Limistéir Oirthear na Mí (Theas) 2005.

Líon Aonad atá Tiomanta - Rinne an tÚdarás Pleanála líon na n-aonad atá tiomanta a mheas bunaithe ar chuardach ar an gclár pleanála i ngach ionad agus bhí sé ceart amhail 15/02/2007. Áiríonn an líon iomlán aonad na haonaid sin atá á dtógáil ach nach bhfuil daoine ina gcónaí iontu go fóill.

Neamhchosúil leis an gcuid eile de na hionaid uirbeacha atá i dTábla 6 thuas, níl aon Ráitis Scríofa agus Cuspóirí Sonracha ann do Chomharsanachtaí Mhaigh Nuad, Chill Bhríde nó Charn na Ros mar nach raibh siad san áireamh sa Chéimíúlacht Lonnaíochtaí i bPlean Forbartha Contae 2001 - 2007. Tá sé mar chuspóir ag an bPlean Forbartha Plean Limistéir Áitiúil a ullmhú le haghaidh Chill Bhríde agus Charn na Ros agus iniúchadh a dhéanamh ar chomhullmhú Plean Limistéir Áitiúil, i gcomar le Comhairle Contae Chill Dara le haghaidh Chill Choca & Mhaigh Nuad, ionas go n-áireodh sé an limistéar ó thuaidh ó Mhaigh Nuad agus an limistéar soir ó Chill Choca atá suite i gCo. na Mí. Comhchumseoidh an dara ceann acu seo an Plean Limistéir Áitiúil le haghaidh Chill Choca. Beidh sé mar chuspóir cur ar aghaidh a dhéanamh ar ullmhú Comhphleananna Limistéir Áitiúil laistigh de 2 bhliain ó dháta glactha an Phlean Forbartha. D'áireodh ullmhú an Phlean Limistéir Áitiúil le haghaidh Chill Bhríde cuspóirí maidir le criosú talún le hairead ar chumais bhonneagair, an gá atá ann carachtar tuaithe an tsráidbhaile a chosaint agus suíomh an ionaid sa Chéimíúlacht Lonnaíochta Contae.

2.1.8 Cuspóirí um Fhorbairt Ardleibhéil i gcomhair Bailte & Sráidbhailte

2.1.8.1 Ionaid Forbartha Straitéiseacha

An Uaimh, Comharsanacht Dhroichead Átha agus Conair Dhún Búinne / Chluain Aodha / Luas
Déanfar leithdháileadh an fháis tithe cónaithe agus daonra a threorú go príomha i dtreo na hUaimhe, Dhroichead Átha agus conair iarnróid Chluain Saileach / Dhún Búinne / Luas. Déanfar formhór an daonra agus na dtithe cónaithe breise a leithdháileadh ar na hionaid shainaitheanta straitéiseacha seo. Beidh gá ag an Udarás Áitiúil tús áite a thabhairt d'ullmhú Pleananna Limistéir Áitiúil do na hionaid seo chun a chinntiú nach bhfuil aon srian i bhfeidhm a bhfuil tionchar neamhfhabhrach aige ar scaoileadh agus ar fhorbairt na gcúlsláthar cónaithe straitéiseacha seo. Ní mór d'ullmhú na PLÁ seo a chinntiú go gcuirfear san áireamh úsáidí a chruthódh fostaíocht agus an bonneagar sóisialta agus fisiceach is gá agus go ndéanfar iad a fhorbairt ag an am céanna leis an bhforbairt cónaithe. Tabharfaidh an tUdarás Pleanála tús áite do sholáthar príomhbhonneagair fhisicigh agus shóisialta sna hionaid seo chun a chinntiú go bhfuil an bonneagar is gá go léir in áit ag an am céanna le riachtanais na bpobal cónaithe atá ann de bharr na forbartha.

Is sna hionaid seo is mó a mheallfar dlús ard mórfhostaíocht a ghinfidh infheistiú agus is orthu is mó a bheidh rochtain / is acu a bheidh an lúdracht is fearr. Maidir leis an Uaimh, beidh sí mar chuid den Bhraisle Dhinimiciúil Phríomhúil in éineacht le Ceanannas & Baile Átha Troim. Beidh naisc iompair den scoth ag Bailte Móra Fáis (is é sin Comharsanacht Dhroichead Átha agus an Uaimh) agus Comhghlas Dhún Búinne / Chluain Aodha / Luas lena n-áireofar nasc ardchaighdeán iarnróid agus Mótarbhealach. An bunús atá le fás dá leithéid ná nach mbeadh na bailte seo ina mbailte dórtúir le haghaidh an Cheantair Uirbigh. Ina leithéid sin de chás, ní bheadh forbairt chónaithe ceadaithe ach amháin dá mbeadh dul chun cinn suntasach ann i soláthar fostaíochta, miondíola, áiseanna sóisialta agus pobail laistigh den lonnaíocht. Beidh na hionaid seo, san fhadtéarma, ina n-ionaid fhéinchothaitheacha, le daonra, lena n-áireofar a dhobharcheantar, a bhfuil de chumas aige tacú le háiseanna amhail seirbhís oideachais dara leibhéal d'ardchaighdeán, ospidéal a bheadh mór go leor chun cúram leighis neamhspeisialaithe a sholáthar, ollstóráil miondíola agus ionad um miondíol chomparáideach. An scóip daonra sa mheántéarma do Bhaile Mór Fáis na hUaimhe ná 40,000 – 45,000 duine, do Dhroichead Átha lena n-áirítear an chomharsanacht ó dheas atá suite i gCo. na Mí ná 65,000 duine agus do Chonair Dhún Búinne / Chluain Aodha / Luas ná 25,000 duine. Ní mór do an hionaid seo fás ar bhealach atá féinchothaitheach agus nach ndéanann bagairt ar ról na lonnaíochtaí agus na réigiún eile.

Cheana féin tá cúlsláthar straitéiseach substaintiúil (142 heicteár) sainaitheanta i Léarscáil Shonrach Chomharsanacht Dhroichead Átha atá sa Phlean Forbartha Contae reatha. Níl de bhuntáiste ag an gcúlsláthar seo cuspóir maidir le criosú na húsáide talún a bheith aige. Beidh aird ag ullmhú

Phlean Limistéir Áitiúil Chomharsanacht Dhroichead Átha don Straitéis Phleanála do Mhórlimistéar Dhroichead Átha agus beidh tionchar ag an Straitéis sin air i sainaitheint tailte suntasacha breise don fhorbairt chónaithe. Sainithníodh an cúlsoláthar straitéiseach i mBaile Bhriain (a dtagraítear dó thuas) chomh maith leis na tailte idir Bóthar an Mhuilinn agus an t-iaránróid le go ndéanfaí forbairt chónaithe sa bhreis air. Cuirfear san áireamh san ord tosaíochta le tailte cónaitheacha a scaoileadh go mbeadh infhaighteacht soláthar cuí de sheirbhísí uisce píopaithe agus de bhonneagar bóithre ann. Nuair atá Plean Limistéir Áitiúil do Chomharsanacht Dhroichead Átha Theas á ullmhú ag Comhairle Contae na Mí cuirfidh sí san áireamh an Staidéar ar Bhainistiú Thrácht Dhoirhead Átha atá molta, an Straitéis Phleanála do Mhórchéantar Dhroichead Átha, agus Plean Forbartha Chomhairle Baile Dhroichead Átha 2005 – 2011.

Bhí an cinneadh a rinne an tÚdarás Pleanála Conair Dhún Búinne / Chluain Aodha / Luas a chur isteach mar eintiteas amháin sa Phlean Forbartha bunaithe ar a gcóngaracht gheografach dá chéile agus ar gur chinn an tÚdarás Pleanála Plean Limistéir Áitiúil amháin a ullmhú le haghaidh lonnaíochtaí atá ann cheana féin i nDún Búinne agus i gCluain Aodha lena n-áirítear stáisiún saorpháirceála agus taistil ag comhghlas Luas. Chinnteodh a leithéid seo de chur chuige go gcuirfí peirspeictíocht spáis níos leithne i bhfeidhm seachas scrúdú ar Chluain Aodha leis féin. Cuirfidh ullmhú Phlean Limistéir Áitiúil Chonair Dhún Búinne / Chluain Aodha / Luas san áireamh, inter alia, na tailte uile atá sainaitheanta i Scéim Fhorlontach do Ranníocaíocht Forbartha Alt 49 i gConair Chluain Saileach / Luas.

Straitéisí Spáis Téamacha

San áireamh sa Phlean Forbartha Contae tá Cuspóir Straitéiseach SS OBJ 3

Straitéis Spáis a ullmhú do gach ceann de na hionaid nó na limistéir seo a leanas chun cuidiú le hullmhú pleananna forbartha nó pleananna limistéir áitiúil amach anseo. Sainithneoidh na straitéisí seo suíomh, suntasacht agus íogaireacht raon na sócmhainní agus na srianta comhshaoil a tharlaíonn laistigh de na limistéir seo atá an-íogair ar dócha go mbeidh dlúis forbartha níos mó iontu ná an meán:

1. An Uaimh
2. Baile Átha Troim
3. Ceanannas
4. Braislí Dinimiciúla 2 & 3 – Limistéar lena n-áirítear Conair Dhún Búinne / Chluain Aodha / Luas, Dún Seachlainn, Cill Dhéagláin & Ráth Tó
5. Gleann na Bóinne – Limistéar lena n-áirítear ionaid uirbeacha Shláine, Dhamhliag, Dhún Uabhair, Dhroichead Átha agus Oirthear na Mí
6. An Seanchaisleán / Loch Craoibhe / Sliabh na Calliagh

Áirítear sa Phlean Forbartha Contae chomh maith Cuspóir Straitéiseach ECON DEVT SO 1

“Straitéis Spáis Théamacha a ullmhú don fhorbairt thionsclaíoch agus d’fhiontair thionsclaíocha a shainithneodh agus a thacódh le réimsí forbartha áit a bhféadfaí leas a bhaint as braislí suntasacha cumhachta, bóithre, uisce agus gáis sa chaoi is go mbeadh tábhacht náisiúnta ag baint leo ó thaobh a bheith ag freastal ar fhostaíocht ar scála mór le breisluach ach fós féin ag seachaint na gcoinbhleachtaí comhshaoil agus pleanála a d’fhéadfadh tarlú; Ar an gcéad dul síos, déanfar scrúdú ar oirthear agus ar oirdheisceart an Chontae.”

Le haird ar an Straitéis Forbartha atá sa Phlean Forbartha Contae, thug an tÚdarás Pleanála tús áite d’fhorbairt straitéisí spáis dóibh seo a leanas: An Uaimh, Ceanannas, Baile Átha Troim, Droichead Átha agus Conair Dhún Búinne / Chluain Aodha / Luas agus ullmhú Straitéis Spáis Théamach le haghaidh na forbartha tionsclaíochta agus d’fhiontraíocht sna hionaid seo.

2.1.8.2

Bailte Measartha Fáis

Tá sé beartaithe go mbeidh ról idirghníomhach tacúil ag na hionaid seo a leanas leis an mBaile Mór atá in aice leo. Áireoidh na hidirghníomhaíochtaí seo go háirithe:

- An Bhraisle Dhinimiciúil Phríomhúil ina bhfuil Baile Átha Troim, Ceanannas agus An Uaimh;
- An Bhraisle Dhinimiciúil Phríomhúil ina bhfuil Cill Dhéagláin, Ráth Tó & Dún Seachlainn le conair Dhún Búinne / Chluain Aodha/Luas, agus;
- Tá na codanna de Chill Choca & Mhaigh Nuad atá suite i gContae na Mí san áireamh sa Bhraisle Uirbeach Phríomhúil maille le Léim an Bhradáin agus Cill Droichid i gContae Chill Dara.

Meastar Cill Choca & Maigh Nuad a bheith níos baintí le Conair Forbartha Eacnamaíochta an M4 agus áiríonn sé freisin An Bóthar Buí chun críche an Phlean Forbartha. D'uireasa soláthar naisc iompair phoiblí leis an Limistéar Uirbeach agus ionaid forbartha eile a bheith á soláthar agus á n-uasghrádú de réir mholtaí Ardán Athraithe Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath, ba chóir go mbeadh spriocanna fairsingithe ina spriocanna measartha.

Tá sé ríthábhachtach go bhforbródh na Bailte Measartha Fáis ar bhealach inchothaitheach inbhuanaithe san fhadtéarma agus go mbeadh sé mar bhunús lena bhfás leanúnach nach mbeidís ina mbailte dórtúir don Limistéar Uirbeach. Sna cásanna seo, ní bheadh forbairt chónaithe ceadaithe ach amháin dá mbeadh dul chun cinn suntasach ann i soláthar fostaíochta, miondíola, áiseanna sóisialta agus pobail laistigh den lonnaíocht.

Bailte Measartha Fáis sa Limistéar Uirbeach**Comharsanacht Mhaigh Nuad agus Chill Choca**

Tá comharsanachtaí Mhaigh Nuad agus Chill Choca, atá suite laistigh de Cho. na Mí, sa Bhraisle Dhinimiciúil Phríomhúil sa Limistéar Uirbeach. Ullmhaíodh Plean Limistéir Áitiúil le haghaidh chomharsanacht Chill Choca agus ghlac Comhairle Contae na Mí leis i ndiaidh ghlacadh Phlean Forbartha Contae 2001 - 2007. Níor éascaigh Comhairle Contae Chill Dara forbairt na dtailte cónaithe seo go dtí seo toisc nach bhfuil dóthain seirbhísí uisce iontu. Táthar ag súil na heasnamh seo a chur ina gceart faoi 2008 – 2009 agus tá an Chomhairle buíoch as cúnamh Chomhairle Contae Chill Dara i gcur ar aghaidh na scéimanna seo. Tá an chuma ar an scéal gur thug Comhairle Contae Chill Dara neamhaird ar an gcur chuige seiceamhach maidir le forbairt, agus go háirithe forbairt chónaithe, i gcás Chill Choca mar go bhfuil tailte atá tadhlaigh leis an gCearnóg, atá suite i gContae na Mí, fós neamhforbartha. Tá sé mar chuspóir ag an bPlean Forbartha cur ar aghaidh a dhéanamh ar ullmhú Comhphleananna Limistéir Áitiúil le haghaidh Chill Choca agus Mhaigh Nuad, lena n-áirítear na limistéir atá suite i gContae na Mí seachas pleannanna Limistéir Áitiúil a ullmhú do na Limistéir Chomharsanachta amháin. Forchoimeádfaidh Comhairle Contae na Mí an ceart iarraidh ar an RCORA éascú a dhéanamh ar chomhullmhú na bPleananna Limistéir Áitiúil don dá lonnaíocht de réir Alt 18(2) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000. Ní mór forbairt chomharsanacht an dá bhaile a bheith cothroime agus inbhuanaithe trína mbeidh forbairt chónaithe ag teacht le soláthar an bhonneagair fhisicigh agus shóisialta a bhfuil gá leis le go mbeadh bonn láidir eacnamaíochta ann. Beidh sé ar an bpríomhthosaíocht i bPlean Limistéir Áitiúil Chill Choca a chinntiú go bhfuil dóthain tailte ainmnithe le haghaidh úsáidí a ghinfidh fostaíocht.

Bailte Measartha Fáis sa Chúlchríoch

Ní mór forbairt na n-ionad eile Measartha Fáis, is é sin Cill Dhéagláin, Dún Seachlainn, Baile Átha Troim & Ceanannas a ailíniú níos fearr le deiseanna áitiúla fostaíochta ags le forbairt na hUaimhe i gcás Bhaile Átha Troim & Ceanannas.

Cill Dhéagláin

Meastar go bhfuil Cill Dhéagláin ina shuíomh straitéiseach le haghaidh tuilleadh fáis ar bhonn a chóngarachta do Bhaile Átha Cliath (13 mhíle ó Shráid Uí Chonaill), a bhonn eacnamaíochta agus fostaíochta agus toisc a shuímh ar an gcarrbhealach dúbailte N2 ó Fhionnghlas go Cill Dhéagláin. Tá srianta suntasacha ann, ámh, maidir le seirbhís uisce ar ghá réitigh réigiúnacha a fháil orthu agus tá Comhairle Contae na Mí ag brath ar Údarás Áitiúla thadhlaigh na srianta seo a réiteach. Le haird ar fhairsinge na forbartha cónaithe atá tiomanta i gCill Dhéagláin, a mheasann an tÚdarás Pleanála a bheith ag 2,246 aonad, tailte cónaithe breise a scor san athbhreithniú ar an bPlean Limistéir Áitiúil roimh fhorbairt agus áitíocht fhormhór (80%) na n-úsáidí reatha a ghineann tionscail agus fostaíocht agus roimh chur i gcrích Athfhorbairt Lár Bhaile Chill Dhéagláin. Meastar go gcuireann cur i gcrích Charrbhealach Dúbailte N2 ó Fhionnghlas go Cill Dhéagláin deis mhaith ar fáil fostaíocht shuntasach a ghiniúint d'úsáidí a bhíonn ag brath ar rochtain mhaith ar an ngréasán bóithre náisiúnta agus ar mhargadh Bhaile Átha Cliath.

Ceanannas agus Baile Átha Troim – Bailte Oidhreacht

Leanann Ceanannas agus Baile Átha Troim orthu ag feidhmiú ar an bpríomhchonair forbartha sa Chontae. Ar cheann de na mórfhórsaí sna roghanna forbartha ar féidir iad a bhreithniú do na bailte seo, ámh, tá a n-oidhreacht intreach tógtha agus nádúrtha a chosaint agus a gcur chun cinn mar bhonn don tursaóireacht. D'éirigh go maith leis an margaíocht ar an gContae mar Phríomhbhaile Oidhreacht na hÉireann agus tá sé seo ag brath ar chothú charachtar intreach na lonnaíochtaí tábhachtacha tógtha amhail Ceanannas, Baile Átha Troim, Sláine, Cnoc an Linsigh agus Maigh nEalta. Tá sé den riachtanas go n-urramaítear agus go gcothaítear carachtar an bhaile margaidh i gCeanannas agus i mBaile Átha Troim. Ní mór forbairt chónaithe sna bailte seo a dhíriú ar chuid ardchaighdeán an mhargaidh. Níl na bailte seo oiriúnach le haghaidh forbairtí ard-dlúis, mar go bhfuiltear den tuairim nach mbeadh seo ag teacht le carachtar fhoirm thógtha na lonnaíochtaí seo. Toisc thopagrafaíocht Ceanannas agus thús áite na struchtúr meánaoiseach i mBaile Átha Troim tá sé deacair foirgnimh arda liobarnacha a chomhshnaidhmeadh leis an tírdhreach.

Baile Átha Troim

Le haird ar fhairsinge na forbartha cónaithe atá tiomanta i mBaile Átha Troim, a mheasann an tÚdarás Pleanála a bheith ag 1,395 aonad, tailte cónaitheacha breise a scor san athbhreithniú ar Phlean Forbartha Bhaile Átha Troim De bhreis air sin, molfaidh an tÚdarás Pleanála céimniú isteach sonrach agus tús áite a thabhairt do scaoileadh an chúlsoláthair talún chríosaithe cónaithe atá fágtha agus scrúdú a dhéanamh ar an ngá a bheadh le fairsinge an chúlsoláthair talún cónaithe, faoi réir Plean Limistéir Áitiúil, ar Bhóthar na hUaimhe. Cuirfidh an tÚdarás Pleanála san áireamh polasaithe maidir le scaoileadh aon chéimeanna breise de thailte cónaithe i mBaile Átha Troim de réir na spriocanna a aontaíodh maidir le forbairt agus áitíocht na gcúlsoláthair talún a ghinfeadh tionscail agus fostaíocht shuntasach a sainaithníodh sa Phlean Forbartha. Tabharfar tús áite d'fhorbairt na láithreán athfhorbartha sa bhaile agus ar imeall an bhaile a sainaithníodh le haghaidh fairsingithe ar an mbaile chuig Sráid Emmet agus Sráid an Droichid. Ní mór cur chuige seiceamhadh maidir le scaoileadh na dtailte cónaithe, ag teacht le hinfhaighteacht an bhonneagair shóisialta is tábhachtaí (áiteanna scoile), a chur san áireamh nuair atáthar ag ullmhú Phlean Forbartha Bhaile Átha Troim.

Ceanannas

Níor tharla forbairt cónaithe Ceanannas ag an ráta céanna leis an bhforbairt a tharla i gCill Dhéagláin nó i mBaile Átha Troim. Measann an tÚdarás Pleanála go bhfuil siad tiomanta do 461 aonad breise a sholáthar i bhfoirm na gceadanna pleanála atá i bhfeidhm faoi láthair. Mar sin féin, le haird ar fhairsinge na dtailte reatha atá críosaithe do thithe cónaithe, scorfaidh an tÚdarás Pleanála ó thailte cónaithe

breise a chríosú san athbhreithniú ar Phlean Forbartha Ceanannais. Cé gur éirigh go maith le forbairt Pháirc Ghnó Lloyd, níor éirigh go maith ar chor ar bith le soláthar miondíola agus tá easpa spáis oifige ann sa bhaile. Ní mór tús áite a thabhairt d'fhorbairt Backlands i gCeanannas, ar thiomnaigh an tÚdarás Pleanála roinnt mhaith acmhainní dó le blianta beaga anuas, ó thaobh soláthar an bhonnegair uisce de sula ndéanfaí soláthar ar láithreáin úrnua uirbeacha eile. Tá sé den riachtanas d'fhorbairt ar Ceanannas amach anseo go ndéantar na tailte seo a fhorbairt bunaithe ar chur chuige seiceamhach agus ar fhorbairt na bpobal inbhuanaithe. De bhreis air sin, tá oidhreacht tógtha shuntasach ag Ceanannas atá faoi bhagairt toisc iad a dhul as feidhm. Tá roinnt mhaith limistéar de shráid-dreach atá beagnach dearóil. Ní mór don Phlean Forbartha tús áite a thabhairt d'aghaidh a thabhairt orthu seo sna blianta beaga amach romhainn i gcomhar le forbairt na dtalamh cúil.

Dún Seachlainn

Tá an tÚdarás Pleanála den tuairim dhaingean, toisc shuíomh straitéiseach Dhún Seachlainn, toisc chinneadh cláir le haghaidh soláthar na bhfeasúchán bonneagair straitéiseach amach anseo chun freastal ar an mbaile, lena n-áirítear Mótarbhealach agus seachród an M3 agus toisc soláthar na háise Saorpháirceála & Taistil ag Comhghlas Luas maille leis an méadú suntasach ar ghníomhaíochtaí áitiúla a ghineann fostaíocht, go bhféadfaí a argóint go n-ainmneofaí Dún Seachlainn ar cheann de na Bailte Measartha Fáis san athbhreithniú ar na TPRanna. D'ainmnigh an tÚdarás Pleanála Dún Seachlainn mar Bhaile Measartha Fáis sa Straitéis Lonnaíochta agus sa Phlean Forbartha seo. Tá an tÚdarás Pleanála in iúl ar fhairsinge na dtailte cónaithe reatha ar féidir seirbhísí a chur ar fáil dóibh go héasca agus ar féidir iad a fhorbairt don chuspóir a beartaíodh sna blianta amach anseo. Cinnteoidh an tÚdarás Pleanála go dtabharfar tús áite, ó thaobh forbartha de, d'fhorbairt ar Lár nua an Bhaile siar ón bPríomhshráid agus spás cathrach nua a sholáthar soir ón bPríomhshráid de réir chreatdearadh uirbeach faofa an bhaile. Feidhmeofar go céimneach scaoileadh an réimse shuntasaigh talún cónaithe atá fágtha idir Bóthar Bhaile Átha Cliath N3 agus Bóthar Lagore ar feitheamh fhorbairt Thalamh Cúil Lár an Bhaile, sholáthar Mhótarbhealach an M3 agus sheachród Dhún Seachlainn agus cumas / soláthar amach anseo ar an mbonneagar sóisialta agus fisiceach is tábhachtaí laistigh agus lasmuigh de na tailte i gceist. Chomh maith leis sin, déanfaidh an tÚdarás Pleanála monatóireacht ar fhorbairt na n-úsáidí a ghineann méid suntasach tionscal agus fostaíochta chun freastal ar an daonra atá ina gcónaí ann agus cuirfear é seo san áireamh freisin i scaoileadh na dtailte críosaithe breise.

Faoi réir ainmniú Dhún Seachlainn ina Bhaile Measartha Fáis a bheith sainaitheanta san athbhreithniú ar na Treoirínte um Pleanáil Réigiúnach do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, beidh éagsúlacht i gceist sa dáileadh tithe cónaithe agus daonra le haghaidh Dhún Seachlainn atá léirithe i dTábla 6 sa Phlean Forbartha Contae agus beidh athbhreithniú gaolmhar a bhfuil gá leis ann ar Phlean Limistéir Áitiúil Dhún Seachlainn.

2.1.8.3 Bailte Beaga Fáis

Cuireann na TPRanna in iúl gur chóir do na hÚdaráis Phleanála agus iad ag ullmhú Pleananna Forbartha cibé bailte is iomchuí leo a ainmniú, le haird ar a bhfeidhm straitéiseach, agus breithniú maidir le réamh-mheastacháin daonra do Mhórchenatar Bhaile Átha Cliath. Feidhmíonn na hionaid uirbeacha sa tsraith seo mar ionaid fho-réigiúnacha ag soláthar ról cónaithe go príomha le láithreachtaí láidir tráchtála agus tionsclaíochta. Tacaíonn fás an Bhaile Mhóir Fáis nó Mheasartha Fáis atá in aice leis le forbairt gach Baile Bhig Fáis, ó thaobh úsáidí fostaíochta ar mhóscála de.

Táthar ag súil go lonnóidh gnóthaí atá measartha beag i mBailte Beaga Fáis, ar gnóthaí iad a fhaigheann maoiniú ó fhoinsí áitiúla. D'fhéadfaí cead a thabhairt d'infheistiú eacnamaíochta eile, ámh. Tá miondíol ar an bpríomhais is dóichí a bheidh sa chatagóir seo, le hollmhargadh beag agus b'fhéidir ionaid áitiúla a fhreastlaíonn ar an mbaile amháin agus ar a dhobharcheantar áitiúil. Ar na háiseanna is dóichí a bheadh i mBailte Beaga Fáis tá bunscoil agus / nó iarbhunscoil, chomh maith le Clinic Shláinte.

Tá sé beartaithe go bhféachfaidh cuideachtaí a ghineann a n-infheistiú ón bhfostaíocht le lonnú i mBailte Móra Fáis nó b'fhéidir Measarthá Fáis, agus b'fhéidir nach sna suíomhanna seo a bheidís ag iarraidh lonnú.

Ní mór bainistiú a dhéanamh ar fhorbairt cónaithe bhreise na n-ionad i limistéar thoir na Mí agus in ionaid amhail Ráth Tó agus meicníocht pholasaí éifeachtach a chur i bhfeidhm dá réir. Scorfadh an tUdarás Pleanála ó limistéir bhreise de thailte cónaithe a chríosú sna hionaid seo ach amháin ar choinníollacha ar leith agus áit a ndearnadh athchothromú cómhálartach ar na tailte reatha atá críosaithe in áiteanna eile.

Ráth Tó

Níl macasamhail Ráth Tó le fáil in aon ionad eile sa Chontae ó thaobh leibhéal a fhorbartha de, mar a bhí agus mar atá. Bhí an tríú ráta fáis is airde idirdhaonáirimh 2002 – 2006 ag TRC Ráth Tó i ndiaidh TRC na hUaimhe agus Toghcheantar St. Mary's (a chuimsíonn Comharsanacht Dhroichead Átha Theas), na TRCanna ina bhfuil an dá Bhaile Mhóra Fáis sa Chontae. Tá Ráth Tó forbartha anois beagnach ina bhrúachbhaile gan aon fhás comhfhreagrach in úsáidí a ghineann fostaíocht seachas soláthar miondíola ar scála beag. Seachas soláthar féideartha an tseachróid a ainmníodh (an rogha ó thuaidh), ní ainmneofar aon talamh cónaithe breise chun críche tithe cónaithe le linn thréimshe an Phlean Forbartha seo. Tabharfar tús áite don talamh a bhfuil gá leis chun an píosa bonneagair áitiúil ríthábhachtaigh seo a scaoileadh roimh thailte reatha atá críosaithe do thithe cónaithe. Déanfar cur i bhfeidhm céimneach ar an gcuid eile den chúlsoláthar talún cónaithe agus déanfar é a scaoileadh ar bhonn na spriocanna aontaithe maidir le giniúint fostaíochta agus sholáthar an bhonneagair shóisialta ríthábhachtaigh a ainmníodh.

Tá ról ríthábhachtach ag Tionscal na nEallach Folaíochta i bhforbairt eacnamaíochta agus áineasa sa Chontae, go háirithe i Ráth Tó. Déanfar soláthar, i bPlean Limistéir Áitiúil Ráth Tó, d'fhorbairt an tionscail trí mheán an tsoláthair ar thailte críosaithe atá tadhlach le hionaid amhail Ráschúrsa Thigh na Síog agus Tattersalls, chun cur leis an deis iontach atá á chur ar fáil ag tionscal na n-eallach folaíochta. Cinnteoidh an t-athbhreithniú ar Phlean Limistéir Áitiúil Ráth Tó go n-ainmneofar dóthain talún d'úsáidí tráchtála agus d'úsáidí a ghinfidh fostaíocht agus le haghaidh úsáidí spóirt, áineasa agus fóillíochta ag suíomhanna iomchuí. Beidh na tailte sin de réir a suímh sa Chéimíúlacht Lonnaíochta agus de réir chur i bhfeidhm na gcuspóirí do Bhraisle Dhinimiciúil Chill Dhéagláin - Dhún Seachlainn - Ráth Tó.

An Seanchaisleán

Forbraíodh an Seanchaisleán ar bhealach níos inbhuanaithe ná aon bhaile eile sa Chontae, bunaithe ar bhonn láidir traidisiúnta déantúsaíochta (troscán agus innealtóireacht) agus le fostaíocht mhaith in earnáil na seirbhísí. Maidir leis seo tá beogacht ar leith ag an Seanchaisleán sa Chontae ó thaobh na tráchtála de. De bhua a shuímh, agus é scoite amach ó Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus na heasnamh ó thaobh an bhonneagair seirbhísí uisce ar bhonn leanúnach, níor bhláthaigh an baile i gcomparáid le roinnt de na bailte in oirthear agus in oirdheisceart an Chontae. Tá an chúlsoláthar reatha talún do thithe cónaithe ina sholáthar suntasach le haird ar an ráta fáis ar taifead don tréimhse dheireanach idirdhaonáirimh. Ba chóir tús áite a thabhairt don fhéidearthacht a bhaineann le réimsí móra de thalamh cúil sa bhaile roimh láithreáin úrnua atá scoite amach ó lár an bhaile agus ó phríomháiseanna oideachais agus áineasa an bhaile. Ní mheastar é a bheith riachtanach scaoileadh na dtailte cónaithe a nascadh le cruthú fostaíochta sa Seanchaisleán sa mhéid go bhfuil an eacnamaíocht áitiúil tionsclaíochta / déantúsaíochta agus earnáil na seirbhísí chomh láidir ann cheana féin. Cibé scéal é, beidh sé mar shrian i gcónaí fadhb easnamh an bhonneagair uisce agus fuíolluisce a réiteach maidir le forbairt sa ghearrthéarma.

Áth Buí

Ní dhearnadh forbairt ar thailte cónaithe in Áth Buí ag an luas céanna is a rinneadh in Ionaid na mBailte Beaga Fáis eile sa Chontae go príomha toisc fhad an bhaile ó Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath agus toisc cháilíocht an bhonneagair bóithre a nascann an baile leis na príomhbhóithre chuig an bPríomhchathair. Is beag an críochoantú a rinneadh ar thalamh tionsclaíochta in Áth Buí agus beidh forbairt an choda eile den chúlsoláthar suntasach talún atá fágtha nasctha le forbairt shuntasach (75%) an chúlsoláthair talún tionsclaíochta seo agus le forbairt na suíomhanna suntasacha de Thalamh Cúil an Bhaile a ainmníodh sa Ráiteas Scríofa agus i gCuspóirí Sonracha d'Áth Buí in Imleabhar II den Phlean Forbartha seo. Beidh forbairt na dtailte cúil a ainmníodh ag brath ar an gcuspóir a fhéachann le bóthar nua a thógáil ag nascadh Sráid Chonnacht leis an bPríomhshráid ag McCann and Byrnes. Féachfaidh an tÚdarás Áitiúil freisin le dul chun cinn a dhéanamh ar sheachród a chruthú chun Áth Buí a sheachaint ar an mBóthar Náisiúnta den Dara Grád an N51.

An Bóthar Buí

Tá deiseanna suntasacha fobartha le tairiscint ag an mBóthar Buí de bhua a neas-suímh ar Mhótarbhealach an M4 lena n-áirítear seachród an bhaile agus toisc go bhfuil seirbhís iarnróid ag an mbaile, cé go bhfuil teorainn leis na seirbhísí comaitéireacha ar an iarnród sin chuig Baile Átha Cliath. De bhreis air sin, tá seirbhísí uisce reatha ann sa Bhóthar Buí a fhreastalódh ar fhorbairt bhreise. Níl aon chumas breise ann, ámh, ó thaobh áiseanna carrpháirceála de ag an stáisiún traenach sa Bhóthar Buí a fhreastalaíonn ar dhobharchéantar i bhfad níos leithne, lena n-áirítear Maigh Dearmhaí, Cionn Átha Gad, Baile Íomhair, agus Cluain Ioraird, agus b'fhéidir ionaid san larmhí. Tá sé den riachtanas nach mbeadh forbairt an Bhóthair Bhuí bunaithe ar fhad a chur leis an bhfad comaitéireachta chuig Baile Átha Cliath, is cuma cibé acu an iompar poiblí atá i gceist leis seo nach nach ea. Ní mór an fhorbairt ar thailte cónaithe breise a nascadh le forbairt ar chruthú fostaíochta suntasaí go háitiúil rud a bhainfeadh leas as suíomh straitéiseach an Bhóthair Bhuí. De bhreis air sin, ní mór d'fhorbairt agus do scaoileadh tailte cónaithe breise éascú a dhéanamh ar sholáthar áiseanna áineasa agus fóillíochta imleora a bhfuil gá leo do bhaile atá ag fás.

Damhliag

Freastalaíonn Scéim Uisce Oirthear na Mí, Lú Theas agus Dhroichead Átha ar Damhliag Chomh maith leis sin, freastalaíonn monarcha chóireála fuíolluisce air a scaoileann isteach san Ainí agus tá cumas teoranta le spáráil ag an mhonarcha sin. Ina theannta sin, tá an baile suite ar bhealach gnóthach réigiúnach a nascann an príomhbhóthar náisiúnta an N2 le Droichead Átha. Bhain struchtúr sóisialta Damhliag leas as an athchothromú a tharla le blianta beaga anuas agus tá feabhas tagtha ar fhorbairt cónaithe phríobháideach agus ar fhabraic uirbeach an bhaile. Tá méid suntasach de thalamh críosaithe do thithe cónaithe sa bhaile atá fós neamhfhorbartha nó neamhthiomanta a mbreithnítear air a bheith dóthanach chun freastal ar riachtanais chónaithe an bhaile do thréimhse an Chéad Phlean Forbartha eile. Bhí rath cuíosach maith ar Pháirc Ghó Damhliag go dtí seo agus tá láidreachtaí straitéiseacha ag an mbaile de bhua a chónagarachta don M1 agus don M1 and R132 (N1 roimhe seo). Mhéadódh forbairt an naisc M1 – N1 na buntáistí seo a thuilleadh. Ní mór scaoileadh an chúlsoláthair talún cónaithe atá fágtha a nascadh le réiteach a fháil ar easnamh an tsoláthair bhonneagair seirbhísí uisce, forbairt agus áitiúcht na Páirce Gnó reatha agus dóthaineacht an bhonneagair shóisialta, go háirithe úsáidí oideachais, áineasa agus fóillíochta, chun freastal ar leibhéil mhéadaithe an daonra.

Oirthear na Mí

Tá forbairt leanúnach na n-ionad uirbeach atá i bPleananna Limistéir Áitiúil Oirthear na Mí ag brath ar leithdháileadh an chumais ó bhonneagar ríthábhachtach uisce agus fuíolluisce a fhreastalaíonn freisin ar Dhroichead Átha (agus ar Chill Dhéagláin don soláthar uisce). Ní mór don Údarás Pleanála príomhchreatlaigh infheistiúchta a chur san áireamh amhail Transport 21 agus cláir seirbhísí caipitiúla an RCORA nuair atá cinneadh á dhéanamh acu maidir le suíomh na bhforbairtí amach anseo.

Níl ionaid uirbeacha Oirthear na Mí luaite sna TRPanna agus ní mheastar iad a bheith ina n-ionaid straitéiseacha sa réigiún. Toisc go bhfuil a leithéid seo de láithreáin úrnua ann sna hionaid uirbeacha níos lú agus toisc nach bhfuil aon bhearta polasaí ann a thugann tús áite do chumas an bhonneagair uisce i nDroichead Átha, tá na suíomhanna seo mealltach d'fhorbróirí. Cibé scéal é, cé go bhfuil bonn seanbhunaithe fostaíochta atá ag fairsingiú ag Droichead Átha, ní féidir a leithéid chéanna d'argóint a dhéanamh d'aon ionad uirbeach feadh Chósta an Oirthir ar dócha a ndéanfar forbairt orthu ar bhonn bailte dórtúir amháin agus arb é a bpríomhfheidhm ná comaitéireacht a éascú chuig Baile Átha Cliath.

An Inse - Baile an Bhiataigh - Baile Uí Mhornaín Thoir

Ní mór don Údarás Pleanála athchuaire a thabhairt ar an gcóir le haghaidh úsáid talún do thithe cónaithe atá i bPlean Limistéir Áitiúil Oirthear na Mí agus tús áite a thabhairt dó seo ionas gur féidir feidhmiú céimneach a dhéanamh ar scaoileadh na talún seo le haird ar an ngá atá ann cumas seirbhísí uisce a chosaint go príomha do Dhroichead Átha agus cuidiú le soláthar an bhonneagair fhisicigh agus shóisialta a ainmníodh a bhfuil tábhacht straitéiseach níos leithne ag baint leis. Níl sé beartaithe méideanna suntasacha de na tailte atá críosaithe do thithe cónaithe atá i mBaile an Bhiataigh a fhorbairt laistigh de thréimhse an Phlean Forbartha seo i.e. roimh 2013. Déanfaidh an tÚdarás Pleanála athscrúdú ar an bhfeidhmiú céimneach atá i bhfeidhm mar ar féidir leis an bhforbróir úsáid a ghineann fostaíocht shuntasach a sholáthar (arna chinneadh ag an Údarás Pleanála) laistigh den suíomh nó san ionad uirbeach ag an am céana le forbairt na chéad chéime den fhorbairt cónaithe. Tabharfar tús áite don leanúint le forbairt Lár an Bhaile i mBaile an Bhiataigh a fhreastalóidh ar riachtanais seirbhísí an phobail i gcoitinne.

Ní rachaidh forbairt ar chúlsoláthar suntasach talún cónaithe san Inse ar aghaidh, talamh atá suite siar ón iarnród, ach amháin ar bhonn an choincheapa 'éicea-chónaitheach' mar a mbeadh an tÚdarás Pleanála deimhin de go mbeadh an fhorbairt inbhuanaithe ó thaobh an tsoláthair iompair phoiblí de agus chumas an tsoláthair sin de, agus é a bheith féinchothaitheach ó thaobh seirbhísí uisce de agus deiseanna suntasacha áitiúla fostaíochta a sholáthar ag an am céanna leis an bhforbairt cónaithe. Chomh maith leis sin, déanfaidh an tÚdarás Pleanála monatóireacht ar sholáthar na dtailte tadhlacha atá críosaithe don tionsclaíocht, ar an suíomh ar Bhóthar Minnistown agus ar infhaighteacht an bhonneagair shóisialta rithábhachtaigh san Inse / i mBaile an Bhiataigh chun freastal ar an bhforbairt ionas gur féidir leis an Údarás cinneadh a dhéanamh maidir leis an méid iomchuí talún le scaoileadh i ngach céim den fhorbairt.

Steach Maoilín

Beidh an fhorbairt ar thailte cónaithe sa bhreis i Steach Maoilín ag brath ar bhaint amach na spriocanna maidir le curthú fostaíochta go háitiúil atá i limistéar PLÁ Steach Maoilín, ar sholáthar an bhonneagair shóisialta ainmnithe (síneadh a chur leis an scoil náisiúnta agus áiseanna áineasa imleora a sholáthar) a chur ar aghaidh ag an am céanna leis an bhforbairt cónaithe agus infhaighteacht na seirbhísí fuíolluisce riachtanacha laistigh de chumas iompair na habhann atá tadhlach leis Abhainn na hAilbhinne.

Domhnach Chearnaigh

Tabharfaidh an tÚdarás Pleanála athchuaire ar na tailte atá críosaithe do thithe cónaithe i nDomhnach Chearnaigh agus cinnteoidh seo go scaoilfear tailte atá nasctha le fás áitiúil seachas le fás réigiúnach. Faoi láthair tá forbairt na dtailte atá críosaithe do thithe cónaithe ag éascú na comaitéireachta ón lonnaíocht seo go Baile Átha Cliath go príomha. Níl an bonneagar fisiceach nó sóisialta ag an mbaile seo faoi láthair, agus níl sé beartaithe ach oiread, chun freastal ar mhéid agus ar scála na forbartha a bhféadfadh Plean Limistéir Áitiúil Oirthear na Mí freastal air ar deireadh thiar. Tá forbairt Domhnach Chearnaigh ag brath ar réiteach a fháil ar chúrsaí seirbhísí uisce ag an leibhéal fo-réigiúnach mar a dtabharfaí tús áite don chumas reatha do na lonnaíochtaí uirbeacha níos straitéisí a ndéanann na háiseanna seo freastal orthu.

Baile Mhic Ghormáin

Tá forbairt Bhaile Mhic Ghormáin ag brath ar sholáthar réitigh fho-réigiúnaigh ar sholáthar uisce agus fuíolluisce. Níl aon amscála cinntitheach ann le réiteach a fháil ar bhailiúchán, ar chóireáil agus ar dhiúscairt fuíolluisce. Faoi láthair tá an tÚdarás Pleanála i gcainteanna le hAonaid Seirbhísí Uisce agus Polasaí Spáis an RCORA agus iad ag iniúchadh an tsoláthair ar áis réigiúnach fuíolluisce i mBaile Mhic Ghormáin a thabharfaidh leis réiteach ar an easnamh réigiúnach fuíolluisce. Ar aon chor, tá forbairt Bhaile Mhic Ghormáin ag brath ar fhorbairt iar-aerpháirc mhíleata ar thailte na Roinne Cosanta. Níl aon áiseanna sóisialta nó áineasa ann faoi láthair i mBaile Mhic Ghormáin seachas na háiseanna sin a chuireann Coláiste Mhic Ghormáin ar fáil don phobal. Tabharfaidh an tÚdarás Pleanála athchuidiú ar na tailte atá criosaithe do thithe cónaithe i mBaile Mhic Ghormáin agus cinnteoidh seo go scaoilfear taillte atá nasctha le fás áitiúil seachas le fás réigiúnach.

2.1.8.4 Sráidbhailte Lárnacha (Sráidbhailte le Daonra de 1,000)***Baile Íomhair, An Obair, Sláine & Baile an Linsigh***

Tá sé beartaithe leis an bhforbairt a dhéanfar ar Shráidbhailte Lárnacha an daonra, na seirbhísí agus na poist a chomhchruinniú i suíomhanna straitéiseacha sna sráidbhailte, a bhfuil rochtain mhaith orthu ó bhailte in aice láimhe. Déanfaidh an comhchruinniú seo ar an daonra daingniú ar inmharthanacht na seirbhísí amhail iompar poiblí, iar-bhunscoileanna agus / nó bunscoileanna, miondíol agus éascú ar fhairsingniú na bhfiontar beag tuaithe. Beidh todhchaí fhorbairt na Sráidbhailte Lárnacha nasctha níos dlúithe le fás áitiúil seachas fás réigiúnach a tharla le deich mbliana anuas.

2.1.8.5 Sráidbhailte

Baile Ghib, Carn na Ros, Baile Chearbhalláin, Cluain Ioraird, Crossakiel, Domhnach Chearnaigh, Dún Uabhair, Droim Conrach, Baile Mhic Gormáin, Baile Iúiliáin, Baile Ceannt, Cill Bhríde (Toghcheantar Dhún Seachlainn), Cill Dealga, Cill Mhaighneann, Cill Mheaisín, Baile Uí Mhornáin, Maigh nEalta, Ráth Cairn & Ráth Maoláin.

Tá sé beartaithe le gach ceann de na lonnaíochtaí thuasluaite feidhmiú mar nóid d'fhorbairt cónaithe shuaithinseach atá tiomáinte ag ardchaigheán agus atá riachtanach do sheirbhísí tráchtála agus pobail. Tá sé beartaithe fás na sráidbhailte sin amach anseo a chiorrú agus a chosaint ionas nach bhfeidhmeoidh siad mar chatalaíocha a éascóidh fairsingiú leanúnach na mbruachbhailte imeallacha i gCathair Bhaile Átha Claith go háirithe, nó i mBailte Móra nó Measartha. Tá na sráidbhailte atá lonnaithe cóngarach don Cheantar Uirbeach nó do Bhailte Móra nó Measartha Fáis eile agus atá cóngarach do bhóithre suntasacha poiblí eile faoi bhrú go háirithe maidir leis seo. Is léiriú a leithéid seo de shráidbhailte ar a stádas i láthair na huaire agus cineál a bhforbartha go dtí seo, lena bhforbairt ina sráidbhailte dórtúir. Beidh todhchaí fhorbairt na Sráidbhailte nasctha níos dlúithe le fás áitiúil seachas le fás réigiúnach a tharla le deich mbliana anuas.

2.1.8.6 Gráigeanna

Tá sraith lonnaíochta sa bhreis sa Phlean Forbartha Contae nach bhfuil follasach ar an gcéad amharc sna TPRanna. Is é atá i nGráigeanna ná braislí tuaithe arb iad a gcuspóir faoiseamh a thabhairt ón mbrú forbartha tuaithe agus daingniú a dhéanamh ar an mbraisle forbartha tuaithe lena bonneagar sóisialta agus pobail. Ní mór scála agus fabraic na n-ionad seo a uarramú, ámh, sna tograí forbartha nua.

Polasaí Lonnaíochta Straitéiseach

Díreoidh Straitéis Lonnaíochta SP1

na Comharle ar fhorbairt cónaithe ar an gcéad dul síos ar na hionaid sainithe seo a leanas: An Uaimh, Droichead Átha agus Conair Dhún Búinne, Chluain Aodha / Luas le haird ar an Straitéis Lonnaíochta agus ar na Treoirínte um Pleanáil Réigiúnach do Mhórchearntar Bhaile Átha C iath. Freastalóidh na hionaid seo ar fhorbairt sciar na Mí d'fhás cónaithe réigiúnach an Oirthir Láir thar thréimhse an Phlean Forbartha seo agus ina dhiaidh.

Straitéis Lonnaíochta SP2

A chinntiú go mbeidh na Bailte Móra agus Measarta Fáis go léir, chomh fada is indéanta, féinchothaitheach ag cur san áireamh áiseanna fostaíochta, dóthain seirbhísí miondíola agus áiseanna sóisialta agus pobail. Ní cheadófar forbairt cónaithe ach amháin má tá dul chun cinn dóthaineach déanta i soláthar áiseanna fostaíochta a, miondíola agus pobail laistigh den lonnaíocht. Beartóidh Baill Tofa an Údarás Phleanála aontú ar shraith de bhearta monatóireachta maidir leis seo laistigh de 6 mhí ó ghlacadh an Phlean Forbartha seo. Déanfaidh an Chomhairle breithniú ar chumas na dtailte atá críosaithe, a bhfuil seirbhísí ag gabháil leo agus atá neamhforbartha go hiomchuí chun pobail le húsáidí measctha a sholáthar sula ndéanfar criosú ar an talamh úrnua nach raibh críosaithe roimhe seo le haghaidh forbairt nua.

Straitéis Lonnaíochta SP3

I ngach baile beag fáis, déanfar 25% de gach forbairt ilthithe, ar forbairtí iad le breis is 4 theach, a choinneáil le haghaidh daoine dúchasacha an Chontae (daoine a chónaigh sa Chontae ar feadh bliana ar a laghad) nó dóibh siúd a mbíonn orthu cónaí san ionad uirbeach toisc a gcuid fostaíochta. Cinnteoidh sé seo go mbeidh forbairt na mBailte Beaga Fáis nasctha níos dlúithe le fás cónaithe áitiúil seachas réigiúnach. Seo a leanas na Bailte Beaga Fáis: Áth Buí, An Bóthar Buí, Ráth Tó, Damhliag, An Seanchaisleán, Steach Maoilín & An Inse - Baile an Bhiataigh - Baile Uí Mhornaín Thoir Cuirfidh an tÚdarás Pleanála na ceanglais chéanna i bhfeidhm maidir leis an bhforbairt fhoriomlán mar a lorgaítear cead pleanála ar an gcéad dul síos d'oibreacha forbartha suímh agus cuirtear isteach ar iarratais indibhidiúla faoi bhun an tairsigh seo ina dhiaidh sin.

Straitéis Lonnaíochta SP4

I ngach príomh-shráidbhaile agus príomhbhaile, déanfar 30% de na forbairtí ilthithe go léir, ar forbairtí iad le breis is 4 theach, a choinneáil do dhaoine dúchasacha an Chontae (daoine a chónaigh sa Chontae ar feadh bliana ar a laghad) nó iad siúd a mbíonn orthu cónaí san ionad uirbeach toisc a gcuid fostaíochta. Cinnteoidh sé seo go mbeidh forbairt na bPríomh-shráidbhailte & na bPríomhbhailte nasctha níos dlúithe le fás cónaithe áitiúil seachas réigiúnach. Cuirfidh an tÚdarás Pleanála i bhfeidhm na ceanglais chéanna maidir leis an bhforbairt fhoriomlán mar a lorgaítear cead pleanála ar an gcéad dul síos d'oibreacha forbartha suímh agus cuirtear isteach ar iarratais indibhidiúla faoi bhun an tairsigh seo ina dhiaidh sin.

Straitéis Lonnaíochta SP5

Le haird ar an méid talún atá críosaithe faoi láthair le haghaidh tithe cónaithe, ar thógáil bhliantúil ar bhreis is 3,500 aonad tithíochta agus easnaimh an bhonneagair bhunúsáigh amhail uisce, séarachas, bóithre, iompar, cumarsáid, srl, ní aontófar ach ar chriosú ar úsáid talún straitéiseach breise le linn thréimhse an phlean forbartha seo. Beidh suíomh na talún breise seo atá críosaithe do thithe cónaithe ag teacht leis an Straitéis Lonnaíochta atá sa Phlean Forbartha seo agus le is na Treoirínte um Pleanáil Réigiúnach do Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath. Tagraíonn "Straitéiseach" sa chás seo do na Bailte Móra Fáis - An Uaimh agus Droichead Átha agus an Ceantar Uirbeach mórtimpeall Dhorchla Dhún Búinne / Chluain Aodha / Luas agus Mhaigh Nuad, Chúlchríoch Bhaile Measarta Fáis Chill Dhéagláin agus Bhaile Beag Fáis an Bhóthair Bhuí.

Straitéis Lonnaíochta SP6

Rinneadh athbhreithniú ar an dáileadh tithe cónaithe agus daonra atá léirithe i dTábla 6 ar an gcéad dul síos i gcomhthéacs thorthaí sonracha Dhaonáireamh 2006 (déanfar na torthaí críochnaitheacha daonra, bunaithe ar na Foirmeacha Daonáirimh a scannadh, idir Aibreán agus Nollaig 2007) agus ina dhiaidh sin bunaithe ar mheasúnaithe rialta den ghníomhaíocht forbartha tithíochta ar fud an Chontae a reáchtálfadh an Roinn Pleanála. Féadfaidh an dáileadh athrú i bhfianaise a léithéid sin d'athbhreithniú agus infhaighteacht agus / nó soláthar pleanáilte na seirbhísí fisiceacha agus sóisialta riachtanacha comhthráthacha a éascódh forbairt cónaithe ar an scála agus an méid atá luaithe i dTábla 6. Éileoidh leasú ar an dáileadh tithe cónaithe agus daonra atá taispeáinte i dTábla 5 agus / nó i dTábla 6 difríocht a chur i bhfeidhm ar an bPlean Forbartha Contae.

Straitéis Lonnaíochta SP7

Le haird ar shuíomh straitéiseach Dhún Seachlainn, ar chinneadh cláir do sheachadadh na bhfeabhsúcháin bonneagair straitéiseach amach anseo agus ar mhéadú suntasach ar ghníomhaíochtaí a ghineann fostaíocht go háitiúil, áiteoidh Comhairle Contae na Mí ar na hÚdaráis Phleanála Áitiúla Dún Seachlainn a aithint mar Bhaile Measartha Fáis sa Phlean Forbartha seo agus san athbhreithniú a dhéanfar ina dhiaidh ar na Treoirínte um Pleanáil Réigiúnach do Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath. Faoi réir a bheith ainmnithe mar sin, athrófar an dáileadh tithe cónaithe agus daonra atá léirithe i dTábla 6 sa Phlean Forbartha Contae ag aithint ainmniú Dhún Seachlainn ina bhaile Measartha Fáis agus déanfar an t-athbhreithniú gaolmhar bainteach ar Phlean Limistéir Dhún Seachlainn.

Cuspóirí Straitéiseacha Lonnaíochta

Straitéis Lonnaíochta CS 1

Déanfaidh an tÚdarás Pleanála, laistigh de 6 mhí ó theacht i bhfeidhm an Phlean Forbartha Contae seo, athchuir a thabhairt ar gach píosa talún atá criosaithe do thithe cónaithe sa Chontae faoi láthair mar atá sonraithe in Imleabhar II den Phlean Forbartha Contae 2007 – 2013, i bPlean Limistéir Áitiúil Chill Choca 2003 agus i bPleananna Limistéir Áitiúil Thuaidh & Theas Oirthear na Mí. Tabharfar athchuir ar gach Creatphlean ina dhiaidh sin (lena n-áireofar Pleananna Limistéir Áitiúil, Pleananna Limistéir Ghnímh nó Creatphleananna comhchosúla) a glacadh leo de bhun Phlean Forbartha Contae 2001 i mbailte agus i sráidbhailte. Sainaitheoidh an tÚdarás Pleanála agus glacfaidh, trí dhifríocht a chur i bhfeidhm ar an bPlean Forbartha Contae, le hord tosaíochta do scaoileadh na dtailte atá criosaithe do thithe cónaithe faoi láthair (i.e. céimniú isteach) a chloífidh le scála agus méid na forbartha atá luaithe i dTábla 5 agus i dTábla 6. Bunófar scaoileadh na dtailte seo atá criosaithe do thithe cónaithe ar bhonn na gcritéar 'Criteria Determining the Release of Residential Lands' mar atá leagtha amach i gCuid 2.1.7. Beidh feidhm aige seo maidir le hullmhú Phleananna Forbartha nua Cheannas & Bhaile Átha Troim. Ní bheidh feidhm aige seo maidir leis an Uaimh, Dún Búinne / Chluuain Aodha, an Bóthar Buí & Cill Dhéagláin le haird ar ullmhú na bPleananna Limistéir Áitiúil / na gCreatphleananna a fhorlann do chéimniú isteach an chúlsoláthair talún agus / nó de bhua na gcúlsoláthair talún cónaithe atá fós neamhthiomanta.

Straitéis Lonnaíochta CS 2

Tús a chur le hullmhú an Chreatphlean Chomhtháite d'Úsáid Talún agus d'Iompar (CPÚTI) don limistéar ó Chluain Saileach chuig Comhghlas Luas i gContae na Mí lena n-áirítear Cluain Aodha, laistigh de thrí mhí ó ghlacadh an Phlean Forbartha Contae i gcomhar leis na forais iompair phoiblí iomchuí, an RCORA agus Comhairle Contae Fhine Gall. Foráil an CPÚTI, inter alia, do na nithe seo a leanas:

- 1) Suíomh oiriúnach do nód iompair phoiblí feadh dhorchla an iarnróid;
- 2) An póitínseal forbartha agus na húsáidí talún iomchuí mórtimpeall na nód iompair phoiblí seo. Déanfar ginteoirí turas móra a shuíomh in aice le crosbhealach na gconairí iompair, amhail mórfhostóirí nó ionaid bailte / sráidbhailte;
- 3) Suíomh, díol suntais agus fógaireacht raon sócmhainní agus srianta comhshaoil laistigh den chonair seo, agus;
- 4) Sainaithint agus tacú le réimsí forbartha áit a bhféadfaí leas a bhaint as braislí suntasacha cumhachta, bóithre, uisce agus gáis sa chaoi is go mbeadh tábhacht náisiúnta ag baint leo ó thaobh a bheith ag freastal ar fhostaíocht ar scála mór le breisluach ach fós féin ag seachaint na gcoinbhleachtaí comhshaoil agus pleanála a d'fhéadfadh tarlú laistigh den chonair;

Plean Limistéir Áitiúil a ullmhú do Dhorchla Dhún Búinne / Chluain Aodha / Luas a áireoidh, inter alia, na tailte uile atá sainaitheanta sa Scéim Fhorlíontach do Ranníocaíocht Forbartha Alt 49 do Chluain Saileach / Luas agus beidh tionchar ag an gCreatphlean Comhtháite d'Úsáid Talún agus d'Iompar (CPÚTI) air. Ullmhófar an CPÚTI ar dtús agus beidh sé mar bhonn eolais do Phlean Limistéir Áitiúil Chonair Dhún Búinne / Chluain Aodha / Luas. Nuair a chríochnófar an Staidéar Straitéiseach seo, tabharfar athchuart ar mhéid agus ar scála na forbartha a leithdháiltear ar Chonair Dhún Búinne / Chluain Aodha / Luas agus athrófar Tábla 6 dá réir sin.

Straitéis Lonnaíochta CS 3

Straitéis Spáis a ullmhú do gach ceann de na hionaid nó na limistéir seo a leanas chun cuidiú le hullmhú pleananna forbartha nó pleananna limistéir áitiúil amach anseo. Sainaithneoidh na straitéisí seo suíomh, díol suntais agus fógaireacht raon sócmhainní agus srianta comhshaoil a tharlódh laistigh de na limistéir seo atá an-íogair agus a bhfuil sé níos dóichí go mbeadh dlúis forbartha níos airde ná an meán iontu.

- 1) An Uaimh
- 2) Baile Átha Troim
- 3) Ceanannas
- 4) Braislí Dinimiciúla 2 & 3 – Limistéar lena n-áirítear Dorcha Dhún Búinne / Chluain Aodha / Luas, Dún Seachlainn, Cill Dhéagláin & Ráth Tó
- 5) Gleann na Bóinne – Limistéar lena n-áirítear ionaid uirbeacha Shláine, Dhamhliag, Dhún Uabhair, Dhroichead Átha agus Oirthear na Mí
- 6) An Seanchaisleán / Loch Craobhe / Sliabh na Calliagh

2.1.9 Plean Limistéir Áitiúil i gcomhair Bailte agus Sráidbhailte Aonair a Ullmhú

Chuir Cuid 1.1.3 'Formáid Athbhreithnithe' síos ar na príomhdhifríochtaí idir Plean Forbartha Contae (2001 - 2007) agus an Plean Forbartha Contae seo (2007 - 2013). Fanfaidh an Ráiteas Scríofa agus na Cuspóirí Sonracha le haghaidh Bailte agus Sráidbhailte chomh maith leis na leabhair léarscáileanna a ghabhann le Plean Forbartha Contae 2001 - 2007 i bhfeidhm go dtí go n-ullmhófar Pleananna Limistéir Áitiúil indibhidiúla do gach ceann agus go nglacfar leo. Déanfar gach PLÁ a ullmhú agus a ghlacadh laistigh den dá bhliain díreach tar éis ghlacadh an Phlean Forbartha Contae nua.

Maidir leis na Pleananna Limistéir Áitiúil d'Oirthear na Mí - Thuaidh agus Theas a tháinig i gcomharba ar Phlean Forbartha Oirthear na Mí 2000, tá sé beartaithe go bhfanfaidís seo, freisin, i bhfeidhm sa chaoi inar glacadh leo i mí na Samhna, mura leasaítear iad ar shlí eile.

Ionas go léireodh an Plean Forbartha Contae aird, ámh, ar cheanglais na Straitéise Spáis Náisiúnta agus na dTreoirínte um Pleanáil Réigiúnach do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, ní mór teicnící bainistíochta ar an éileamh a thabhairt isteach chun a chinntiú go dtarlódh méid agus scála na forbartha cónaithe i gcomhghlas na n-ionad uirbeach atá luaite i dTábla 5 agus i dTábla 6. Níl an tÚdarás Pleanála ag moladh go ndéanfaí díchríosú suntasach murar féidir a léiriú go soiléir go bhfuil cúlsoláthar talún ag tarlú. Tá an tÚdarás Pleanála ag moladh go dtabharfaí isteach teicníní bainistíochta ar an éileamh a chinnteoidh go bhfreastalófar ar sciar réigiúnach an fháis chónaithe go príomha san Uaimh, i nDroichead Átha agus i nDorchla Dhún Búinne / Chluain Aodha / Luas agus ar scála níos lú i gCill Dhéagláin, i gCill Choca agus i gComharsanacht Mhaigh Nuad. Mar a luadh níos luaithe sa Chaibidil seo, cloífidh ullmhú na bPleananna Limistéir Áitiúil indibhidiúla laistigh de 2 bhliain ó ghlacadh an Phlean Forbartha Contae seo le scála agus méid na forbartha a beartaíodh i dTáblaí 5 & 6 agus beidh sé i gcomhréir leo.

Sprioc

Sraith chuimsitheach de Phleananna Limistéir Áitiúil do lonnaíochtaí uirbeacha a sholáthar d'fhonn éifeacht a thabhairt do pholasaithe sa Phlean Forbartha Contae seo agus oibriú le pobail in ullmhú a leithéid sin de phleananna.

POLASAITHE

SL POL 1	Éascú agus ceadú a dhéanamh ar fhorbairt bhailte agus shráidbhailte an chontae de réir na Ráiteas Scríofa agus na gCuspóirí Sonracha indibhidiúla le haghaidh na mBailte agus na Sráidbhailte atá i bPlean Forbartha Contae 2001 ar feitheamh ullmhú agus ghlacadh na bPleananna Limistéir Áitiúil ina dhiaidh sin le haghaidh na n-ionad nó na ngrúpaí ionad seo.
SL POL 2	Cinnteadh ullmhú na bPleananna Limistéir Áitiúil Grúpáilte nó Aonair ina dhiaidh sin go bhfuil siad ag teacht leis na cuspóirí sa Phlean Forbartha seo de réir cheanglais na nAchtanna um Pleanáil & Forbairt 2000 – 2006. Go háirithe, beidh an fás daonra agus an foirmiú tithe cónaithe a bhforáiltear dóibh i ngach Plean Limistéir Áitiúil ag comhlíonadh na Réamh-mheastachán Tithe Cónaithe & Daonra atá sa Phlean Forbartha seo, agus go háirithe iad sin atá i dTábla 6. Beidh an comhlíonadh seo léirithe go follasach ar bhonn mhéid na talún cónaithe atá á scaoileadh le haghaidh forbartha in ionad áirithe a bheith á mheas ach rátaí dlúis agus meán-áitíochta a bheith á gcur i bhfeidhm i gcomhréir le scála agus le fairsinge na forbartha a bhforáiltear dóibh i dTábla 6. I ngach cás, ní mór don scaoileadh talún aird a bheith aige ar an infhaighteacht bonneagair fhisicigh agus shóisialta atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo, nó cumas iad a sholáthar.
SL POL 3	Athbheithniú agus ullmhú a dhéanamh ar Phleananna Limistéir Áitiúil le haghaidh grúpaí de lonnaíochtaí gaolmhara a bhfuil naisc eacnamaíochta, gheografacha nó céimiúlacht lonnaíochta acu i gcomhar le pobail áitiúla.

SL POL 4 Beidh aird ag ullmhú Phlean Limistéir Áitiúil do Chomharsanacht Dhroichead Átha ar an Straitéis Phleanála do Mhórchéantar Dhroichead Átha agus a bheith faoina tionchar i sainaitheint tailte suntasacha breise le go ndéanfaí forbairt orthu le haghaidh tithe cónaithe agus tograí bonneagair straitéisigh a shainaitheint freisin. Sainaitheódh an cúlsoláthar straitéiseach i mBaile Bhriain chomh maith leis na tailte idir Bóthar an Mhuilinn agus an t-iaránróid le go ndéanfaí forbairt cónaithe sa bhreis air. Cuirfear san áireamh an infhaighteacht de dhóthain cumais trí mheán seirbhísí píopaithe uisce agus bonneagair bhóithre san ord tosaíochta ina gcuirtear scaoileadh na dtailte cónaithe. Cuirfear san áireamh in ullmhú na bPleananna Limistéir Áitiúil an Staidéar ar Bhainistiú Thrácht Dhroichead Átha, agus Plean Forbartha Contae Chomhairle Baile Dhroichead Átha 2005 – 2011.

SL POL 5 Éascú agus ceadú ar fhorbairt bhailte agus shráidbhailte Oirthear na Mí de réir Phleananna Limistéir Áitiúil Oirthear na Mí - Thuaidh agus Theas 2005 a tháinig i gcomharba ar Phlean Forbartha Oirthear na Mí 2006 do thréimhse an Phlean Forbartha Contae seo, mura ndéantar leasú air ar dhóigh eile.

SL POL 6 Cill Bhríde (Limistéar Dhún Seachlainn) a ainmniú mar shráidbhaile i gCéimíúlacht Lonnaíochta an Phlean Forbartha Contae le haird ar a shuíomh straitéiseach, cóngarach do theorainn Bhaile Átha Cliath agus a chumas freastal ar úsáidí suntasacha a chruthódh fostaíocht.

SL POL 7 Le haird ar fhairsinge na talún críosaithe i nDún Uabhair (12.21 heicteár), suíomh an tsráidbhaile sa Straitéis Lonnaíochta agus neas-suíomh an tsráidbhaile i limistéar idirghabhálach an tSuímh Oidhreachta Dhomhanda, scor ó chriosú a dhéanamh ar thailte breise de réir mar atáthar ag ullmhú don Phlean Limistéir Áitiúil atá le teacht.

CUSPÓIRÍ

SL CUSP 1 Pleananna Limistéir Áitiúil a ullmhú do na hionaid uirbeacha atá luaite i dTábla 7 laistigh de 2 bhliain ó ghlacadh an Phlean Forbartha Contae seo de réir fhorálacha Ailt 18-20 de na hAchtanna um Pleanáil & Forbairt 2000-2006. Tiocfaidh na Pleananna Limistéir Áitiúil seo i gcomharba ar na Ráitis Scríofa agus na Cuspóirí Sonracha indibhidiúla le haghaidh Bailte agus Sráidbhailte atá i bPlean Forbartha Contae 2001.

Tábla 7: Bailte agus Sráidbhailte a n-ullmhófar Pleananna Limistéir Áitiúil dóibh

Bailte Móra Fáis	Droichead Átha (Comharsanacht)
Bailte Measartha Fáis	Dorchla Dún Búinne / Cluain Aodha / Luas, Dún Seachlainn, Cill Choca, Maigh Nuad & Cill Dhéagláin,
Bailte Beaga Fáis	Damhliag, Ráth Tó, Áth Bui, An Seanchaisleán & An Bóthar Bui
Príomhbhailte	Sláine, Baile Íomhair, Maigh Dearthmaí, Baile an Linsigh, An Obair
Sráidbhailte	Baile Ghib, Carn na Ros, Baile Chearbhalláin, Cluain Ioraird, Crossakiel, Domhnach Chearnaigh, Dún Uabhair, Droim Conrach, Baile Mhic Gormáin, Baile Iúiliáin, Baile Ceannt, Cill Bhríde (Toghcheantar Dhún Seachlainn), Cill Dealga, Cill Mhaighneann, Cill Mheaisín, Baile Uí Mhornaín, Maigh nEalta, Ráth Cairn & Ráth Maoláin.

- SL CUSP 2** Iniúchadh a dhéanamh ar chomhullmhú ar Phlean Limistéir Áitiúil, i gcomhar le Comhairle Contae Chill Dara le haghaidh Chill Choca, le go n-áireofaí limistéar thoir thuaidh Chill Choca atá suite i gContae na Mí. Comhchuímhseoidh ullmhú ar chomh-Phlean Limistéir Áitiúil an Plean Limistéir Áitiúil atá ann faoi láthair do Chill Choca arna ghlacadh ag Comhairle Conate na Mí. Beidh sé mar chuspóir cur ar aghaidh a dhéanamh ar ullmhú Comhphleananna Limistéir Áitiúil laistigh de 2 bhliain ó dháta glactha an Phlean Forbartha.
- SL CUSP 3** Iniúchadh a dhéanamh ar chomhullmhú ar Phlean Limistéir Áitiúil, i gcomhar le Comhairle Contae Chill Dara, le haghaidh Mhaigh Nuad, le go n-áireofaí an limistéar ó thuaidh ó Mhaigh Nuad atá suite i gContae na Mí. Beidh sé mar chuspóir ullmhú na gcomh-Phleananna Limistéir Áitiúil a bhrú ar aghaidh laistigh den tréimhse 2 bhliain roimh ghlacadh an Phlean Forbartha.
- SL CUSP 4** Athchuaireadh a thabhairt ar úsáidí a chruthaíonn fostaíocht, is é sin cuspóirí um chríosú na húsáide talún E1 agus E2, nuair atá na Pleananna Limistéir Áitiúil indibhidiúla agus Pleananna Forbartha ar leibhéal níos ísle á n-ullmhú le haird ar go bhfuil cineál agus riachtanais na dtionscal agus na bhfiontar ag athrú. Go mbeadh bonn eolais á chur ar fáil chun fostaíocht agus fiontar a shuí go háitiúil ag ullmhú na Straitéise Spáis Téamúla don fhorbairt agus fiontar tionsclaíochta a bhfuil gá leis de bhun Chuspóir Straitéiseach FOR EAC CS 1 agus mionscrúdú ar úsáidí talún ag na hAcomhail Mhótarbhealaí atá beartaithe de bhun Chuspóir Eacnamaíochta EAC CUS 1.
- SL CUSP 5** Iniúchadh a dhéanamh ar chomhullmhú ar Phlean Limistéir Áitiúil, i gcomhar le Comhairle Contae na hIarmhí le haghaidh an limistéir thoir de Chionn Átha Gad atá suite i gContae na Mí. Toisc go bhfuil gá le comhoibriú an Údaráis Áitiúil Thadhlaigh d'ullmhú an Phlean Limistéir Áitiúil, ní bheidh ullmhú an Phlean Limistéir Áitiúil seo srianta ag teorannacha ama mar atá luaite san Acht um Pleanáil & Forbairt 2000, Alt 19(1)(C).
- SL CUSP 6** Plean Limistéir Áitiúil a ullmhú laistigh de thréimhse 2 bhliain ó ghlacadh an Phlean Forbartha Contae le haghaidh Chill Bhríde (Comharsanacht Dhún Seachlainn). D'áireodh ullmhú an Phlean Limistéir Áitiúil sin cuspóirí maidir le críosú na húsáide talún lena n-áireofaí úsáidí a chruthódh fostaíocht agus a fhéachfadh le haghaidh a thabhairt ar shaincheistean amhail carachtar tuaithe an tsráidbhaile, riachtanas / inacmhainneacht áitiúil agus easnaimh sa bhonneagar.
- SL CUSP 7** Ráiteas maidir le Dearadh Gráige a ullmhú le haghaidh Bhaile Uí Bheileogaigh, a ndearnadh athrangú air ó shráidbhaile chuig gráig sa Phlean Forbartha Contae seo. Ar feitheamh ullmhúan Ráitis maidir le Dearadh Gráige, tabharfar aird ar an Ráiteas Scríofa agus na Cuspóirí Sonracha le haghaidh Bhaile Uí Bheileogaigh lena n-áirítear cuspóirí maidir le críosú na húsáide talún atá luaite in Imleabhar II den Phlean Forbartha Contae 2001 sa mheasúnú ar na tograí forbartha indibhidiúla.

2.1.10 Cuspóirí maidir le Críosú na hÚsáide Talún

Mar a luadh sa rannóg roimhe seo, glacadh leis na Ráitis Scríofa agus na Cuspóirí Sonracha le haghaidh Bailte agus Sráidbhailte atá i bPlean Forbartha Contae 2001 gan leasú a dhéanamh orthu mar bhaile nó mar shráidbhaile don tréimhse 2007 -2009 ar feitheamh ullmhú na bPleananna Limistéir Áitiúil do na hionaid seo agus glacadh leo ina dhiaidh sin. Sa rannóg seo den Phlean Forbartha tá eolas mínitheach le fáil i ndáil le cuspóirí maidir le críosú na húsáide talún atá sna Ráitis Scríofa indibhidiúla agus na léarscáileanna a ghabhann leo le haghaidh gach ionaid. Sainítear na cuspóirí maidir le críosú na húsáide talún i dTábla 8 maille le fairsinge na dtailte críosaithe sin ar na léarscáileanna sonracha uirbeacha áit ar féidir iad a aithint le heochairthreoracha dathchódaithe.

In ullmhú na bPleananna Limistéir Áitiúil, a bhforáiltear dóibh i gCuspóir SL CUSP 1, cuirfear cuspóirí sonracha maidir le criosú na húsáide talún san áireamh sa / sna Phlean / Pleananna Limistéir Áitiúil, ar cuspóirí iad a chuirfidh na Cuspóirí maidir le Criosú na hÚsáid Talún agus an mhaitrís ghaolmhar um chriosú na húsáide talún as feidhm laistigh de thréimhse dhá bhliain ó ghlacadh an Phlean Forbartha Contae seo.

Ní mór a mheabhúr go bhfuil an téacs atá sna cuspóirí um chriosú na húsáide talún atá i dTábla 8 de réir na gcuspóirí atá i bPlean Forbartha Contae 2001 le heisceacht shuntasach amháin a bhaineann le Cuspóirí Cónaithe um Chriosú na hÚsáide Talún A2-A5. I gCuspóirí um Chriosú na hÚsáide Talún A2, A3, A4 agus A5, tá sé anois mar pholasaí ag an Údaráis Pleanála Creatphleananna a ullmhú le haghaidh na limistéar seo seachas Pleananna Limistéir Ghnímh mar atá luaite i bPlean Forbartha Contae 2001.

Tábla 7a:: Cuspóirí maidir le Criosú na hÚsáide Talún

Cuspóir maidir le Criosú Úsáide	Cuspóir maidir le Criosú Úsáide
A1	Conláiste na bpobal cónaithe forbartha a chosaint agus a fheabhsú.
A2	Soláthar do phobail chónaithe nua agus d'áiseanna pobail agus conláistí na limistéar cónaithe atá ann cheana féin a chosaint de réir an chreatphlean fhaofa.
A3	Carachtar agus suíomh na gcoimpléascanna institiúideacha agus na bhfoirgneamh oidhreacht a chaomhnú agus a chosaint i bhforbairt cónaithe agus i dtograí inlíonta de réir an chreatphlean fhaofa.
A4	Soláthar do phobail chónaithe nua le húsáidí measctha cúntacha lena n-áireofaí áiseanna pobail, áiseanna comharsanachta agus úsáidí fostaíochta a úsáideann dlúis níos airde de réir an chreatphlean fhaofa.
A5	Soláthar d'fhorbairt cónaithe ísealdlúis de réir an chreatphlean fhaofa agus ag teacht le dearadh cónaithe indibhidiúil.
B1	Carachtar speisialta fisiceach agus sóisialta lár na sráidbhailte agus na mbailte reatha a chosaint agus a fheabhsú agus soláthar d'áiseanna agus d'úsáidí nua agus feabhsaithe i lár na mbailte.
B2	Soláthar do ghníomhaíochtaí móra nua i lár na mbailte le creatphleananna faofa agus faoi réir go gcuirfí an bonneagar fisiceach a bhfuil gá leis ar fáil.
B3	Áiseanna siopadóireachta áitiúla agus na comharsanachta a chosaint, a fheabhsú agus soláthar dóibh.
B4	Soláthar d'fhorbairt páirce miondíola de réir creatphlean faofa agus faoi réir go gcuirfí an bonneagar fisiceach a bhfuil gá leis ar fáil.
C1	Soláthar d'úsáidí measctha cónaithe agus gnó agus iad a éascú i limistéir lárnacha ghnó a bhfuil úsáidí measctha iontu cheana féin.
D1	Soláthar d'áiseanna cuairteoirí agus turasóireachta agus d'úsáidí gaolmhara.
E1	Soláthar d'úsáidí tionsclaíochta agus d'úsáidí gaolmhara faoi réir go gcuirfí an bonneagar fisiceach a bhfuil gá leis ar fáil.
E2	Soláthar d'fhostaíocht inearnáil an tionscail éadroim agus an tionscail oifige i dtimpeallacht campais ar ardchaighdeán agus faoi réir na gceanglas sna creatphleananna faofa agus ar an gcoinníoll go gcuirfí an bonneagar fisiceach a bhfuil gá leis ar fáil.
E3	Soláthar d'iompar agus d'úsáidí gaolmhara lena n-áirítear áiseanna saorpháirceála agus taistil a sholáthar i gcomhar leis na conair bóithre nó córais luathiompair iarnróid atá beartaithe.
F1	Soláthar do spásanna oscailte agus feabhas a chur orthu le haghaidh conláistí gníomhacha agus éighníomhacha áineasa.
G1	Soláthar do na háiseanna pobail, áineasa agus oideachais a bhfuil gá leo.
H1	Suíomh, carachtar agus cáilíocht timpeallachta na limistéar ardscéimhe nádúrtha a chosaint.

Nótaí Míniúcháin

I **gcriosanna A1**, an cúram is mó a bheidh ar an Údarás Pleanála ná cosaint na gconláistí ag na cónaitheoirí seanbhunaithe. Cé go bhféadfadh tograí líonta nó athfhorbartha a bheith inghlactha i bprionsabal, dhéanfaí breithniú cúramach ar chonláistí a chosaint amhail príobháideacht, solas an lae / na gréine, dreach agus mar sin de i dtograí nua.

Tá sé beartaithe go mbeadh **criosanna A2 agus A4** ar na príomhlimistéir le haghaidh na forbartha cónaithe nua. I gcás criosanna A4, chinntí leagan amach na scéimeanna sin le hullmhú creatphleananna a ligfeadh páirc ar ceal le cur chuige na pleanála páirce atá anois ina ghnáthnós imeachta ar fud an chontae seo. Tá sé beartaithe, ámh, go mbeidh gá ag an iarratasóir creatphleananna a chur i gcrích faoi threoir an Údaráis Phleanála, sula dtosófaí forbairt i gcriosanna A4 a bhfuiltear ag meas go mbeadh dlúis ard chónaithe iontu, chun comhthéacs foriomlán a shocrú d'aon togra ar leith. Tá cur síos ar cheanglais an Chreatphlean ag deireadh na Rannóige seo. Tá sé beartaithe, ar mhaithe le hinbhuaíne, go bhfreastalódh stráic talún móra i dtailte criosaithe A2 agus A4 ar úsáidí cúntacha amhail úsáidí a chruthaíonn fostaíocht, áiseanna pobail, áiseanna siopadóireachta áitiúla srl. ar an gcoinníoll go bhfuil siad oiriúnach ó thaobh a scála de agus nach gcuirfidís isteach rómhór ar an bpríomhúsáid talún cónaithe.

I **gcriosanna A3**, an t-ábhar cúraim is mó don Údarás Pleanála ná caomhnú na bhfoirgneamh oidhreacht a bhfuil a leithéid de cháilíochtaí ailtireachta acu nó go bhfuil siad suite sa chaoi is go bhfuil gá a bheith íogair maidir le hiad a athúsáid nó iad a chur in oiriúint do chuspóirí nua. Arís beidh sé tábhachtach go ndéanfaí iarratais ar na tograí sin a chinneadh i gcomhthéacs creatphlean a ceapadh ar an mbealach a bhfuil cur síos air ag deireadh na Caibidle seo.

I **gcriosanna A5** áit a bhfuil dlúis níos ísle beartaithe, speagfar daoine le tograí forbartha a shocrú i gcomhthéacs creatphlean, ceaptha ag an iarratasóir faoi threoir an Údaráis Phleanála le haird ar leith ar cháilíochtaí suímh agus amhairc na dtailte faoi chaibidil.

Sna tailte uile atá criosaithe le haghaidh tithe cónaithe, ní cheadófar aon fhorbairt cónaithe ar thailte nach bhfuil faoi réir gníomhas tiomantais nó sainaitheanta in iarratas pleanála mar spás oscailte chun a chinntiú go bhfuil dóthain áiseanna pobail agus áineasa ann d'áitritheoirí an limistéir sin.

I gcriosanna **B1, B2** agus **B3**, tá sé beartaithe freastal ar fhormhór na n-úsáidí tráchtála agus miondíola nua i mbailte agus i sráidbhailte. Sainaithníodh criosanna B2 go háirithe chun freastal ar fheidhmeanna nua miondíola amhail ionaid agus mealanna siopadóireachta. Tá feidhm ag criosanna B3 i roinnt cásanna i limistéir forbartha nua áit a bhfuil sé beartaithe soláthar áiseanna siopadóireachta áitiúla a dhainiú ach ní mór-ionaid.

Is é is cuspóir do **chriosanna B4** ná solthar d'fhorbairt páirceanna le trádstórais mhiondíola. Ceadóidh na criosanna seo do dhíláithríú asraon díolacháin gluaisteán ó lár baile neamhoiriúnach nó ó shuíomhanna ar imeall baile, ar an gcoinníoll gur féidir iad a chomhtháthú go hoiriúnach leis an togra forbartha foriomlán i bhfoirm Creatphlean. Cinnteoidh ullmhú Pleananna Limistéir Áitiúil indibhidiúla go ndéanfar suíomhanna oiriúnacha le rochtain mhaith ar bhealaí iompair straitéiseacha a shainaithint i gcomhréir le riachtanais na lonnaíochta.

Sainaithníodh **criosanna C1** chun spreagadh a dhéanamh ar dhaoine forbairtí a chruthú le húsáidí meastha agus ar an gcúis seo beidh gá ar a laghad 30% d'achar suímh a chur san áireamh le haghaidh na forbartha tráchtála (neamh-mhiondíola).

Sainithníodh **criosanna D1** chun soláthar d'úsáidí a bhaineann le turasóireacht amhail lóistín, lóistín sealadach i gcóngar limistéar turasóireachta amhail an Chanáil Ríoga.

Sainithníodh **Criosanna E1** chun soláthar d'úsáidí tionsclaíochta agus d'úsáidí gaolmhara ar an gcoinníoll go gcuirfí an bonneagar fisiceach a bhfuil gá leis ar fáil. Ceadáíonn siad seo raon iomlán próiseas tionsclaíochta i suíomh dea-dheartha mealltach a chuireann deiseanna fostaíochta ar fáil. Tá úsáidí neamhthionsclaíochta teoranta chun cosc a chur ar choinbhleachtaí úsáide talún.

Soláthraíonn **criosanna E2** d'fhorbairt in earnáil an tionscail éadroim agus oifige i dtimpeallacht champais ar ardchaighdeán faoi réir cheanglais na gcreatphleananna agus aghaidh á tabhairt ar shaincheisteanna amhail foirm thógtha agus an leagan amach ginearálta, iompar, comhtháthú le húsáidí timpeallacha agus raon úsáidí ar ghá freastal orthu agus soláthar an bhonneagair fhisicigh a bhfuil gá leis.

Baineann na príomhdhifríochtaí idir an dá chuspóir úsáide talún le cineál an phróisis déantúsaíochta fad is a thugtar an sainmhíniú seo a leanas ar thionscal éadrom sna Rialacháin um Pleanáil & Forbairt 2001 - 2007, arna leasú

(go bhfuil na próisis a bhíonn idir lámha nó an mhonarcha nó an t-innealra suiteáilte ina bpróisis, monarchana nó innealra a bhféadfai iad a dhéanamh nó úsáid a bhaint astu in aon limistéar cónaithe gan dochar a dhéanamh do chonláiiste an limistéir ar na cúiseanna seo a leanas: torann, tonnchrith, múch, gal, súiche, luaithreach, deannach nó grean) "the processes carried on or the plant or machinery installed are such as could be carried on or installed in any residential area without detriment to the amenity of that area by reason of noise, vibration, smell, fumes, smoke, soot, ash, dust or grit."

Ba limistéir nua d'fhorbairt iad na limistéir a ainmníodh in úsáid talún le haghaidh "E2" sna Ráitis Scríofa agus na Cuspóirí Sonracha le haghaidh Bailte agus Sráidbhailte ar limistéir iad nár forbraíodh roimhe sin agus i gcás limistéir a sainithníodh le haghaidh úsáid talún "E1" ba eastáit tionsclaíochta atá ann cheana féin iad den chuid is mó, nó síneadh leis na heastáit sin.

Beidh sé mar pholasaí ag Comhairle Contae na Mí cur chuige níos solúbtha a bheith aici maidir le forbairt mhórsála oifige a sháraíonn 200 méadar cearnach d'oll-achar urlár i limistéir shuntasacha (i. a sháraíonn 3 heicteár talún atá neamhfhorbartha faoi láthair) den chuspóir um chriosú na húsáide talún E1 ar na coinníollacha seo a leanas:

- Ullmhú Creatphlean chun a chinntiú go soláthraítear an bonneagar fisiceach a bhfuil gá leis, atá oiriúnach do dhlús agus do leagan amach agus don idirghníomhú idir na húsáidí atá beartaithe agus an fhorbairt reatha;
- Go ndéanfar gach próiseas atá i bhfeidhm cóngarach don suíomh, ar cosúil criosú E1, a rangú ina bpróisis san earnáil tionscail éadroim, arna sainmhíniú sna Rialacháin um Pleanáil & Forbairt 2001 - 2007, arna leasú;
- Go bhfuil an suíomh suite cóngarach do chonair iompair phoiblí agus go bhfreastalaíonn líonra bóthair iomchuí air, agus;
- Go bhfreastalaítear ar an iarratas le plean bainistíochta soghluaiseachta inmharthana a bhfuil an tÚdarás Pleanála sásta leis agus a sholáthraíonn do bhaint amach na sciartha modulus inghlactha le haghaidh iompar poiblí agus iompar príobháideach araon laistigh den amscála cuí.

Ní bheidh cead aon oifig a bheith ar thailte criosaithe E1 áit a mbaineann úsáid na hoifige (nó na seirbhíse) go príomha le baill den phobal a bheith ag teacht ar cuairt m.sh. aturnaetha, clinic sláinte, cuntasóirí, srl.

Sainaitníodh **criosanna E3** le haghaidh áiseanna 'saorpháirceála agus taistil' cóngarach d'iompar poiblí reatha nó d'iompar poiblí atá beartaithe.

Tá criosanna **F1, G1** agus **H1** go léir féinmhínteach agus baineann siad le húsáidí nó le hainmniú pobail agus conláiste. Ní cheadófar aon fhorbairt cónaithe ar thailte nach bhfuil faoi réir gníomhas tiomantais nó sainaitheanta in iarratas pleanála mar spás oscailte chun a chinntiú go bhfuil dóthain áiseanna pobail agus áineasa ann d'áitritheoirí an limistéir sin.

Creatphleananna

Cuideoidh ullmhú Creatphleananna le baint amach forbairtí ar ardchaighdeán ó thaobh na nithe seo a leanas, inter alia: dearadh uirbeach, struchtúr, soláthar áiseanna pobail / conláiste agus tréscóilteacht. Ainmneoidh na Pleananna Limistéir Áitiúil suíomhanna móra nó príomhshuíomhanna a mbeidh gá Creatphleana faofa a ullmhú dóibh agus a mbeidh gá le hiarratais phleanála ina leith ina dhiaidh sin chun cloí leis na Pleananna faofa. Le haird ar ullmhú agus le faomhadh Creatphleananna amach anseo, tá an tÚdarás Pleanála den tuairim nach mbeidh gá faomhadh a fháil ó Fheidhmeannas an Údaráis Phleanála le haghaidh tograí a mbeidh daonra de níos lú ná 2,000 duine mar thoradh orthu. Beidh Creatphleananna a mbeidh daonra de bhreis is 2,000 duine mar thoradh orthu faoi réir próiseas comhairliúcháin phoiblí agus fhaomhadh Bhaill Tofa an Údaráis Phleanála. Níor srianadh úsáid na gCreatphleananna do thailte atá críosaithe do thithe cónaithe; lorgaíodh Creatphleananna le haghaidh tailte a bhfuil sé beartaithe úsáidí eile a bhaint astu. Tá an tÚdarás Pleanála den tuairim go bhfuil Creatphleananna ina modh éifeachtach chun forbairt nua a threorú agus bonneagar riachtanach breise a sholáthar ar bhealach céimnithe inbhuanaithe.

I ngach Creatphlean beidh ráiteas scríofa agus plean le sraith pleananna ag cur in iúl cuspóirí ar bhealach sonrach a chuirfeadh ar chumas an Údaráis Phleanála cinneadh a dhéanamh maidir leis an bpleanáil iomchuí agus an fhorbairt inbhuanaithe a bhfuil gá leis don limistéar, a gcuirfeadh sé na sonraí seo a leanas, inter alia, i bhfeidhm maidir leis:

- Tograí maidir le dearadh foriomlán na forbartha beartaithe, lena n-áirítear airdí uasta, bailchríoch sheachtrach ar struchtúir agus dreach agus dearadh ginearálta, lena n-áirítear an réimse poiblí;
- Cineálacha agus fairsinge aon fhorbartha beartaithe ag cur in iúl an chaoi a bhféadfaí na húsáidí a chomhtháthú leis an timpeallacht agus le húsáidí talún;
- Tograí maidir le hiompar lena n-áirítear iompar poiblí agus modhanna neamh-mhótaithe, leagan amach bóithre feithiclí agus socrúithe rochtana, soláthar do luchtú / dhí-luchtú, soláthar spásanna páirceála agus bainistíocht tráchta;
- Tograí maidir le soláthar seirbhísí sa limistéar lena n-áirítear soláthar áiseanna dramhaíola agus séarachais, seirbhísí leictreachais agus teileachumarsáide, píblínte ola agus gáis, lena n-áirítear áiseanna stórála d'ola agus do ghás;
- Áireoidh an ghné a bhaineann le forbairt cónaithe tograí maidir le soláthar conláistí, áiseanna agus seirbhísí don phobal lena n-áirítear creiseana agus seirbhísí cúraim leanaí eile agus ionaid phobail agus acmhainní;
- Éascú ar rochtain phoiblí ar limistéir conláistí beartaithe a bheith suite laistigh de theorainneacha an Phlean agus lasmuigh de, agus;
- Soláthar a dhéanamh do bhonneagar spóirt agus áineasa i gcomhréir le riachtanais na forbartha mar bhunchuid d'aon ghné d'aon togra.

2.1.11

Maitrís Chriosúcháin

Féadfar úsáidí eile seachas na príomhúsáidí lena ndearnadh an limistéar a chriosú a cheadú ar an gcoinníoll nach bhfuil siad ag teacht salach ar an bpríomhchuspóir criosaithe úsáide. Léiríonn an Mhaitrís Chriosúcháin inghlacthacht nó neamh-inghlacthacht úsáidí éagsúla i bprionsabal le haghaidh gach cuspóra criosaithe. Tá sé beartaithe leis an mhaitrís chriosúcháin treoir a sholáthar d'fhorbróirí féideartha. Níl sé beartaithe go dtiocfadh sé in ionad an ghnáthphróisis phleanála. Má thugtar le fios go bhfuil togra 'ceadaithe i bprionsabal' ón mhaitrís ní cóir ar bhealach ar bith glacadh leis go bhfuil cead á thabhairt nó go n-éireoidh leis an iarratas phleanála. Is don Údarás Pleanála cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratais indibhidiúla agus is é an tÚdarás a dhéanfaidh an cinneadh deireanach ina leith, ag cur san áireamh fhiúntas na gcásanna agus na gcúnsí indibhidiúla a bhféadfadh ábharthacht a bhaint leo ag am áirithe nó ag suíomh áirithe. Baineann an mhaitrís le húsáid talún amháin agus tá gnéithe tábhachtacha eile ábhartha amhail dlús, airde foirgnimh, caighdeáin deartha, cruthú tráchta, srl. nuair atáthar ag cinneadh cibé acu an cóir forbairt bheartaithe a shuíomh in áit ar leith nó nach cóir.

A = Inghlactha De Ghnáth

Is é atá i gceist le húsáid a bheidh inghlactha de ghnáth ná úsáid a nglacfaidh an tÚdarás Pleanála léi i bprionsabal i gcrios ábhartha. Tá sí fós faoi réir an ghnáthphróisis phleanála, ámh, lena n-áirítear na polasaithe agus na cuspóirí a dtugtar breac-chuntas orthu sa Phlean.

O = Féadfar iad a Bhreithniú

Is é atá i gceist le húsáid a bhféadfaí í a bhreithniú ná úsáid atá inghlactha tríd is tríd ach amháin má chuirtear a mhalairt in iúl agus áit a mbeadh breithniúcháin shonracha ag baint le togra ar leith (i. scála) neamh-inghlactha, nó áit a mbeadh an fhorbairt contrártha le cuspóir le haghaidh limistéir ar leith.

X = Neamh-inghlactha De Ghnáth

I gcás forbartha a rangaitear faoi 'neamh-inghlactha de ghnáth' i gcrios áirithe ní dhéanfaidh an tÚdarás í a bhreithniú ach amháin i gcúnsí eisceachtúla. D'fhéadfadh seo tarlú toisc an tionchair a mheastar a bheadh aige ar úsáidí reatha agus ceadaithe, nach bhfuil sé comhoiriúnach leis na polasaithe agus na cuspóirí sa Phlean seo nó go mb'fhéidir nach bhfuil sé i gcomhréir le forbairt phleanála agus inbhuanaithe cuí sa limistéar seo.

Déanfar fairsingiú úsáidí seanbhunaithe agus faofa nach bhfuil ag cloí le cuspóirí criosúcháin a bhreithniú bunaithe ar a bhfiúntas féin.

Tábla 8: Maitrís Chriosaithe

Rangú Úsáide	A1	A2	A3	A4	A5	B1	B2	B3	B4	C1	D1	E1	E2	E3	F1	G1	H1
A.T.M. (Ar Áitreabh Tráchtála)	A	A	X	A	X	A	A	A	A	A	A	X	X	O	X	X	X
Seamlas	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	O	X	X	X	X	X
Fógraí	O	O	X	O	X	A	A	O	A	O	O	A	O	A	X	X	X
Struchtúir Fógraíochta Lasmuigh	X	X	X	X	X	O	O	O	O	O	X	A	O	X	O	X	X
Gnó Talmhaíochta	X	X	X	X	X	O	O	X	O	O	X	A	X	X	X	X	X
Stuara Siamsa	X	X	X	X	X	O	O	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X
B & B	A	A	A	A	A	A	A	X	X	A	A	X	X	X	X	X	X
Banc / Institiúid Airgeadais	X	O	X	O	X	A	A	O	X	X	X	X	X	X	X	X	X
Oifig Gealltóireachta	X	O	X	O	X	A	A	O	X	O	X	X	X	X	X	X	X
Ionad Athchúrsála Beir Leat s	A	A	A	A	A	A	A	A	A	A	O	A	O	A	O	O	X
Carrchlós (Tráchtála)	X	X	X	X	X	O	A	X	X	O	O	O	O	A	X	X	X
Páirc Charabhán	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	A	X	X	X	O	X	X
Díchóimeáil Gluaisteán / Clós Dramh-mhiotail	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	O	X	X	X	X	X
Íoc is Iompair	X	X	X	X	X	O	A	X	X	O	X	A	X	X	X	X	X
Corr-thrádail	X	X	X	X	X	A	A	X	X	O	O	X	X	X	X	X	X
Reilig	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	A	X
Eaglais	X	O	X	O	O	A	A	A	X	A	A	X	X	X	O	A	X
Pictiúrlann	X	X	X	X	X	A	A	X	O	O	O	X	X	X	X	A	X
Áis / Ionad Pobail	O	A	O	A	O	A	A	A	X	A	A	X	X	X	O	A	O
Ionad Comhdhála	X	O	O	O	X	O	A	X	X	O	A	X	X	O	X	X	X
Ionad Athchúrsála Dramhaíola C & D	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	O	X	X	X	X	X
Creis / Áis Cúraim Leanaí	O	A	O	A	A	A	A	A	O	A	O	O	O	O	X	A	X
Áis / Úsáid Chultúrtha	O	O	O	O	O	A	A	O	X	A	A	X	X	X	O	A	X
Halla Damhsa / Club Oíche	X	X	O	X	X	A	A	X	X	O	X	X	X	X	X	X	X
Lialann Dochtúra / Fiaclóra*	O	O	O	O	O	A	A	A	X	A	X	X	X	X	X	O	X
Bialanna Tiomáint Tríd	X	X	X	X	X	O	O	X	O	O	X	X	X	X	X	X	X
Oideachas	O	O	A	O	O	A	A	A	X	A	X	X	X	X	X	A	X
Suiteáil Fuinnimh	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	A	O	X	X	X	X
Ionad Fiontraíochta	X	O	X	O	X	O	O	X	X	O	X	A	A	X	X	X	X
Iosta Breosla - Tí	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	A	X	X	X	X	X
Iosta Breosla - Táirgí Peitiriliam	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	A	X	X	X	X	X
Teach Tórraimh	X	O	X	O	X	A	A	X	X	O	X	X	X	X	X	A	X
Ionad Garraíodóireachta	X	X	X	X	X	X	O	X	O	O	X	A	X	X	X	X	X
Teach Aíochta	O	A	A	A	O	A	A	X	X	A	A	X	X	X	X	X	X
Láithreán Stad / Tithíocht do Ghrúpaí	O	A	O	A	O	X	X	X	X	O	X	X	X	X	X	O	X
Ionad Sláinte	O	O	O	O	O	A	A	A	X	A	X	X	X	X	X	A	X
Carrchlós d'Fheithiclí Earraí Troma	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	A	X	O	X	X	X
Gníomaíochta Eacnamaíochta Bailebhunaithe	O	O	O	O	O	O	O	O	X	O	O	X	X	X	X	X	X
Ospidéal	X	O	O	O	O	X	A	X	X	A	X	X	X	X	X	A	X
Óstáin	X	O	O	O	O	A	A	X	X	A	A	X	X	X	X	X	X
Óstán / Carróslann	X	O	A	O	X	A	A	X	X	A	A	X	X	X	X	X	X

Rangú Úsáide	A1	A2	A3	A4	A5	B1	B1	B1	B1	B1	D1	E1	E2	E3	B1	B1	H1
Tionscal - Ginearálta	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	A	O	O	X	X	X
Tionscal - Éadrom	X	O	X	O	X	X	X	X	X	O	O	A	A	O	X	X	X
Áineasa / Caitheamh Aimsire	X	O	O	A	O	A	A	O	O	O	A	X	X	X	O	A	O
Leabharlann	X	A	O	A	O	A	A	A	X	A	A	X	X	X	X	A	X
Díolacháin / Deisiúcháin Mótair	X	X	X	X	X	O	O	X	O	O	X	A	X	X	X	X	X
Oifigí <100m2	X	O	O	O	X	A	A	A	X	A	O	X	X	X	X	O	X
Oifigí 100 go 1000 m2	X	X	O	O	X	A	A	O	X	A	X	X	A	O	X	X	X
Oifigí >1000m2	X	X	X	O	X	A	A	O	X	A	X	O	A	O	X	X	X
Spás Oscailte	A	A	A	A	A	A	A	A	X	A	A	O	X	X	A	A	A
Áis Saorpháirceála agus Taistil	X	X	X	O	X	X	O	X	X	O	X	A	A	A	X	X	X
Stáisiún Peitрил	O	O	X	O	X	O	O	O	X	O	X	X	X	X	X	X	X
Trealamh & Uirlisí ar Cíos	X	X	X	X	X	X	O	X	X	O	X	A	X	X	X	X	X
Teach Tábhairne	X	O	X	O	X	A	A	O	X	A	O	X	X	X	X	X	X
Seirbhísí Poiblí	A	A	A	A	A	A	A	A	X	A	A	A	A	A	A	A	X
Áis Athchúrsála Cathartha & Conláiste	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	A	O	X	X	A	X
Stáisiún Aistrithe Bruscair	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	A	X	X	X	X	X
Cónaitheach	A	A	A	A	A	O	O	O	X	A	X	X	X	X	X	X	X
Institiúid Chónaithe	O	O	A	O	O	O	O	O	X	O	X	X	X	X	X	O	X
Bialann / Caife	X	X	O	O	X	A	A	A	O	A	O	O	O	O	X	O	X
Trádstóras Miondíola	X	X	X	X	X	O	O	X	A	X	X	O	X	X	X	X	X
Teach Scor	O	A	O	A	O	X	X	X	X	O	X	X	X	X	X	A	X
Fiontair Bunaithe ar Eolaíocht & Theicneolaíocht	X	X	X	X	X	O	O	X	X	O	X	O	A	O	X	X	X
Siopa - Áitiúil **	O	A	O	A	X	A	A	A	X	A	O	O	O	O	X	X	X
Siopa - Mór	X	X	X	O	X	A	A	A	O	O	X	X	X	X	X	X	X
Ionad Siopadóireachta	X	X	X	X	X	A	A	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X
Áiseanna Spóirt	O	O	O	A	O	O	O	X	O	O	A	X	X	X	A	A	X
Bialann Beir Leat	X	X	X	O	X	A	A	O	X	O	X	X	X	X	X	X	X
Struchtúir Theileachumarsáide	X	X	X	X	X	A	A	O	A	O	O	A	A	A	O	O	X
Institiúid Tríú Leibhéal	X	X	O	O	X	X	X	X	X	O	X	X	O	X	X	A	X
Coimpléasc Turasóireachta	X	X	O	O	X	A	A	X	X	A	A	X	X	X	A	A	X
Iosta Iompair	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	A	X	O	X	X	X
Lianlann Tréidliachta	O	O*	X	O*	O*	A	A	O	X	O	X	X	X	X	X	X	X
Trádstóras	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	A	O	X	X	X	X
Seirbhísí Uisce ***	A	A	A	A	A	A	A	O	A	A	A	A	A	A	A	A	O
Trádstóras Mórdíola	X	X	X	O	X	O	O	X	O	O	X	A	X	X	X	X	X

* Áit a mbeadh an úsáid seo sa bhreis ar úsáid fhoriomlán an áitribh mar ghnátháit chónaithe ag úsáideoir de chuid na hoifige.

** Déantar siopa áitiúil a shainmhíniú mar aonad áise miondíola nach sáraíonn 200 méadar cearnach d'ollspás urláir.

*** Tagraíonn sé seo d'fheistis na bhfontas poiblí.

